

CUISLE

EAGRÁN 4

EANÁIR 1999

£1.50



na h-
leat

ish
y day

SNEACHTA CRUA NA TIBÉIDE
CARR A LABHRANN LEAT
FÍS DON MHÍLAOIS

AN
RUA AGUS AN FIACLOIR
LEAGAN CAINTE

ISSN 1393-7243



Téann Cuisle



go domhain
sa scéal

Nuacht. Tuairimíocht.
Conspóid. Seo chugat
Cuisle, iris nua don
chainteoir dúchais, don
fhoghlaimeoir, don
díograiseoir, don té atá flosrach.

Is ann atá na scéalta nach léifidh tú
aon áit eile. Iniúchadh ar chúrsaí an lae,
sa bhaile agus i gcéin. Gach cineál
ábhair: spórt, greann, cúrsaí reatha,
cúlchaint, na healaíona, saol na
Gaeltachta, taisteal, teicneolaíocht nua
agus go leor eile.

Iris dírithe ar a cuid léitheoirí atá inti,
í curtha le chéile go gairmiúil le neart
grianghrafanna agus dathanna. Tá *Cuisle*
neamhspleách ar gach eagraíocht, agus
tugann sí léargas neamhchlaonta, ionraic
agus dúshlánach duit ar an saol.

Beirt scríbhneoirí cumasacha atá
fostaithe aici – an t-eagarthóir, Uinsíonn
Mac Dubhghaill, a chuir faobhar ar an
gcolún *Tuarascáil* san *Irish Times* tráth,
agus iriseoir misniúil eile, Diarmuid
Johnson.

Anuas air sin bíonn Liam Mac Con
lomaine ag plé le *Leagan Cainte*, bíonn
Antaine Ó Faracháin ag cur síos ar an
sean nós ina cholún *An Béal Beo*, agus
téann an cartógraí cáiliúil Tim
Robinson ar *Chamchúairt Chonamara*.


Tugann eagarthóir an *North Belfast
News*, Seán Mag Uidhir, léargas ón taobh
istigh ar dhearcadh an phobail
náisiúnaigh ina cholún *Súil Aduaidh*.
Scríobhann Desmond Johnson *Litir as
Meiriceá* gach mí.

Féach isteach sa *bhFuinneog*, rannóg
ar leith don fhoghlaimeoir le gluaiseanna
focal, cluichí agus comórtais; nó lig do
scíth sa *Chlúid*, áit a mbíonn altanna
suimiúla agus pictiúirí do pháistí agus dá
dtuismitheoirí.

Cuisle. Ar díol in os clonn 300 siopa
ar fud na tíre ag tús gach míosa.

CUISLE AR AN IDIRLÍON

<http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>



"SEA, SIN A BHFUIL UAIM, DO CHUISLE."

CUISLE

SLADMHARGADH!

12 EAGRÁN AR £20!

**Seo é do sheans deireanach síntiús bliana a
fháil ar £20 — ardófar an praghas an mhí seo
chugainn**

Cuirfidh muid an chéad dá eagrán eile de *Cuisle* chugat – SAOR IN AISCE. Má
thaitníonn siad leat, ní íocfaidh tú ansin ach IRE20 nó UK£20 (US\$80 postas
san áireamh) le haghaidh naoi gcinn eile. Sin 11 eagrán san iomlán, ina
measc eagrán speisialta Iúil/Lúnasa.

Níl aon cheangal ortsa leanacht leis an síntiús tar éis an chéad dá eagrán a
léamh. Muna dtaitníonn siad leat, ní call duit ach na focail 'CUIR AR CEAL' a
scríobh ar an mbille a chuirfidh muide chugat agus é a sheoladh ar ais
chugainn. Cuma céard a shocraíonn tú, beidh an dá eagrán agat le coinneáil
i gcónaí. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh isteach agus a chur sa phost.

Ainm/name

Sloinne/surname

Seoladh/address


.....

Teil/tel

Ríomhphost/email

Síniú/signature

Dáta/date



CUISLE

An tEástát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsíonn Mac Dubhghaill
Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógraíochta:

Aisling Ní Dhiomasaigh

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:

Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:

D. Ó Baoill/Údarás na Gaeltachta



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt d'aon duine nó d'aon eagraíocht a éilíonn a leithéid, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

San eagrán seo

AN GHLOINE LEATHLÁN

Donncha Ó hÉallaithe ar thorthaí an daonáirimh 13

LE PAYS SANS VIE

Pádraig Ó Snodaigh ar bhánú na tuaithe sa bhFrainc 9

AN MHÍLAOIS? CÉN MHÍLAOIS?

Tá an mhílaois tosaithe cheana féin, a deir Des Johnson 12

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin ar A Neainsín Bháin 17



SNEACHTA CRUA NA TIBÉIDE

Is mór an t-athrú ar dhearcadh na hÉireann i leith na Tibéide ó aimsir Frank Aiken anall, a deir Diarmuid Johnson 19

EADRINN

Cé a dhéanfas Cleamhnas do Rónán bocht? 36

NUAIGHT

Bord Scannán ar thóir iarratas Gradam Uí Shúilleabháin Scéim Bhord na Gaeilge 6

CAMCHUAIRT CHONAMARA

Tim Robinson i dTeach an Phiarsaigh 22

AN CHLÚID

How can *your* child become an Irish speaker? Téann Rua chuig an bhfiacloir 30

AN FHUINNEOG

An carr a labhrann leat 24

LEAGAN CAINTE

Tá Liam Mac Con Iomaire a' damhsa 26

CLOCHA BEAGA SCARTHA

An Cloigín Béarla 27

FÓGRAÍ BEAGA

Seirbhís úr *Chuisle* dár léitheoirí caoine 37

LITIRPHOST

POST

♥ *An raibh tú ar an gCarraig?* ♥

CUM RANN GRÁ, scríobh véarsa Vailintín do chuisle do chroí!

Tá duaiseanna ar fiú £100 iad le buachaint má sheolann tú dán grá, amhrán, véarsa éadrom nó ábhar éigin eile chugainn faoin 15 Eanáir.

Seol iad chuig Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe. Nó cuir ar ríomhphost chugainn iad chuig cuisle@tinet.ie roimh an 20 Eanáir. Foilseoidh muid rogha de na véarsaí a fhaigheann muid in eagrán mhí Feabhra. Tabharfaidh muid £50 ar an gceann is fearr a thaitníonn linn, £30 don dara ceann agus £20 don tríú ceann.

Gheobhaidh an chéad fiche duine a chuireann iarratais sa phost chugainn peann tarraingteach mar bhronntanas ó An Post, cuma má éiríonn leo sa chomórtas nó mura n-éiríonn. Gheobhaidh an chéad chúigear a sheolann iarratais chugainn ar an ríomhphost mata deas don luchóigin ríomhaireachta. Mar sin beir ar pheann, agus smaoinigh ar do ghrá geal.

A stór, a stór, an dtiocfaidh tú . . . ?

Urraithe ag an **POST**

LITIRPHOST

POST

CUISLE AR AN IDIRLÍON <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

An bhfuil fíis ag Éir

Aisling ghéar do dhearcas féin
Im leaba is mé go lagbhrioch

Ó N gCIANAISIR anall ba mhínic Éire ina maighdean, ina striapach nó ina seanchailleadh in aigne an fhíle, agus é ag cur síos ar chás na tíre. Bhain an Píarsach úsáid as an meafar agus na línte seo á scríobh aige:

Mise Éire

Síne mé ná an Chailleach Bhéarra.

Mór mo náir

Mo chlann féin do dhíol a máthair.

Dá mbeadh duine d'fhilí móra an 18ú haoise ag scríobh inniu, nó an Píarsach féin, céin tsamhail a tharraingeodh sé chuige féin le cur síos a dhéanamh ar Éirinn, í ar thairseach na mílaoise faoi bhrat an airgid nua?

Girseach óg i mBun Cranncha, an Ardeist faoina huilleann aici, í ar thóir poist i gceann de na *sweatshops* nua teileachumarsáide a mheallfaidh an IDA go Dún na nGall, mar chúiteamh ar imeacht Fruit of the Loom?

Cailleach chríonna Bhéarra, í ag fanacht dhá bhliain le hobráid ar a cromán, í bodhráithe leis an gcaint seo ar fad ar an raidió faoin Tíogar Ceilteach?

Nó striapach ag ól *cappuchino* i gceann de na caiféanna galánta i mBarra an Teampaill, í ag fanacht le glaoch ar a fón póca ó chustaiméir éigin?

Tá a phraghas féin ar chuile shórt in Éirinn shantach na 1990í. Faoi mar a dúirt urlabhraí de chuid chumann na saighdiúirí, PDFORRA, fuaireamar na billiúin punt ón Eoraip le tríocha bliain aruas; tá an bille le híoc anois.

I mbliana beidh géarú ar an 'díospóir-eacht' maidir le neodracht na tíre. Déarfai linn gur beart críonna a bheadh ann glacadh le ballraíocht i 'bPáirtneir-eacht um Shíocháin' de chuid NATO.

Seans go mbainfidh an rialtas leas as an díospóireacht san idirbheartaíocht a bheas ar siúl sa Bhruiséil maidir le stádas Sprioc a hAon do réigiúin an iarthair agus an iardheiscirt. Tabharfar an nod do státseirbhísigh shinsearach ann go ndéileáfar le 'fadhb' na neodrachta má bhíonn an praghas i gceart.



"Beidh rud amháin in Éirinn nach bhfuil cam".

Sa bhaile, déarfai linn go bhfuil ár neodracht imithe cheana féin ar aon nós, agus go bhfuil sé thar am páirt a ghlacadh i gcosaint na hEorpa.

COSAINT NA hEORPA? Cé a dhéanfas ionsaí uirthi? Taobh amuigh de na Stáit Aontaithe, is ar éigin go bhfuil aon áit ar dhroim an domhain atá chomh cosanta cheana féin, le a bhfuil inti d'airm shoifisticiúla, diúracáin núicléacha agus armlón cogaidh.

Na hAraibaigh, a deir tú? Sea, ó thit impireacht na Rúise as a chéile tá gá le namhaid dorchá éigin. Ach ní bheadh sé ar chumas na dtíortha Arabacha ar fad mórán dul chun cinn a dhéanamh in aghaidh na hEorpa, fiú amháin leis na

hairm Eorpacha ar fad a cheannaigh siad uainn.

Uainne? Níor cheannaigh siad na hairm ón striapach úd i mBaile Átha Cliath. Ach féach an comhlúadar a choinníonn sí.

Láirionad den impiriúlachas domhanda nua, nó *globalisation* mar a thugtar anois air, is ea an tAontas Eorpach. Páirtneir sóisearach de chuid na Stát Aontaithe, an 'Póilín Domhanda' a leagann amach rialacha an chluiche.

Dá réir sin ní cheistítear gníomhartha na Stát Aontaithe, agus glacann an rialtas abhus le cibé seasamh comónta a bhíonn ag an Aontas.

Is i gcúrsaí eachtracha is mó a fheictear spleáchas na hÉireann ar an Aontas, agus ar an meon impiriúil atá taobh thiar dá straitéis trádála.

inn don Mhílaois?

Faoi mar a léiríonn Diarmuid Johnson ina alt faoin Tibéid (féach leathanach 19), is mór an t-athrú atá ar Éirinn ó aimsir Frank Aiken go dtí aimsir Dhaithí Mhic Aindriú anall.

Bhí daonnacht, moráltacht agus prionsabal ag baint leis an trí rún a chuir

ann leis an mbolscaireacht gur cogadh ardteicneolaíochta a bhí ann, le 'buanaí glíce' a bhí in ann saoránaigh neamhchiontacha a sheachaint agus coirpigh Saddam a aimsiú.

Cuireadh an domhan thiar faoi dhraíocht ag na físeáin *Star Wars* úd.

Educational Trust i Londain staidéar cuimsitheach ar líon na ndaoine a gortaíodh nó a maraíodh sa chogadh.

Suas le ceathrú milliún duine – fir, mná agus páistí – a fuair bás san Iaráic. Ba shibhialtaigh an chuid is mó díobh.

Maraíodh 148 Meiriceánach sa chogadh. Thit an ceathrú cuid díobh seo faoi *friendly fire* a gcomhshaighdiúirí.

I 1995 thuairiscigh Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe go bhfuair 560,000 páiste bás san Iaráic sna blianta beaga a lean an cogadh.

Fuair siad bás toisc an scrios iomlán a rinne fórsaí an Iarthair ar infrastruchtúr na tíre – leictreachas, séarachas, uisce, talmhaíocht, tionsclaíocht, sláinte agus cumarsáid – agus toisc na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm ar an tír.

Bhris an bhuamáil a rinneadh ar an Iaráic forálacha Choinbhinsiún Geneva maidir le cogadócht. Cuireann an Coinbhinsiún cosc ar ionsaithe cogaidh ar cheantair talmhaíochta, ionaid pumpála uisce nó séarachais, stáisiúin ginte leictreachais agus a leithéid ar an ábhar gur den riachtanas iad le go mairfidh an chosmhuintir tríd an chogadh.

Ach ní chloisfidh tú mórán faoi seo ó Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann. Tá Éire i gcampa na himpireachta nua, beagbheann ar a stair féin, agus níl luach ag an seasamh prionsabála i gcomórtas le luach an euro.

B'fhéidir gur cheart solas dearg a chur in airde ar Bhior na Mílaoise ar Shráid Uí Chonaill?

Tá Éire i gcampa na himpireachta nua, beagbheann ar a stair féin, agus níl luach ag an seasamh prionsabála i gcomórtas le luach an euro.

Aiken faoi bhráid na Náisiún Aontaithe sna 1950í agus sna 1960í ar son na Tibéide.

Cúrsaí trádála agus margadh ollmhór na Síne a bhíonn in uachtar anois, agus an rialtas ag plé le ceisteanna achrannacha ar nós ceist na Tibéide.

Ceist 'achrannach' eile is ea an t-ionsaí mídhleathach sceimhlitheoireachta a rinne Uncail SAM agus an Bhreatain ar an Iaráic le deireanas. Bhí Dara Cogadh na Murascaile chomh héagórach is chomh leataobhach is a bhí an chéad cheann.

Cén freagra a bhí ag Éirinn ar an ionsaí náireach seo? Dúirt Dáithí Mac Aindriú go raibh 'aiféal' ar an rialtas 'go raibh gá' lena leithéid. Bhain Tony Blair leas as a ráiteas, agus as ráitis eile ó thíortha eile an Aontais, le rá gur thacaigh a bhformhór le seasamh na Breataine.

Cogadh aisteach a bhí i gCéad Chogadh na Murascaile. Ba é an cogadh ba mhó tuairisceoireachta agus ba lú eolais é ó thosaigh ré na teilifíse.

Sáinnithe isteach sa 'linn' nó caoch-pholl tuairisceoireachta a bhí faoi smacht ag fórsaí armtha an Iarthair, ghlac formhór na n-iriseoirí a chuaigh

Níor bacadh leis na glórtha neamhspleácha a dúirt go raibh na céadta míle duine ag saothrú an bháis faoi aer-ruathair Chomhghuaillíocht an Iarthair.

R OINNT BUNFHÍRICÍ nach gclóisfidh tú mórán cainte orthu, agus druma an chogaidh á bhualadh sna meáin na laethanta seo. A leithéid seo: Tamall gearr roimh Nollaig 1991, d'fhoilsigh an Medical

Soiléiriú

IN EAGARFHOCAL na míosa seo caite déanadh tagairt mheafarach don tionchar a mheastar a bheith ag Conradh na Gaeilge ar fhéile an Oireachtais. Scríobhadh an méid seo: "Cá fhaid eile a phlúchfar an fhéile faoi lámh mharbh Chonradh na Gaeilge?"

Cuireadh ar ár súile ó shin gur bhain daoine áirithe míthuiscint as an tagairt mheafarach sin do thionchar na heagraíochta. Ba mhaith linn a shoiléiriú nach raibh aon tagairt phearsanta i gceist againn san abairt thuasluaite. Is oth linn go mór aon mhíthuiscint a baineadh as an eagarfhocal, nó aon bhuairt aigne a bhí ar aon léitheoir dá bharr.

Leithscéal

In eagarfhocal na míosa seo caite déanadh tagairt phearsanta d'Úna Uí Lachtnáin. Glacann muid leis gur tagairt éagórach agus mhaslach a bhí ann; agus gur oibrí díograiseach í a ghlacann a cuid dualgaisí i ndáiríre i gcónaí. Ba mhaith linn ár leithscéal ó chroí a ghabháil léi.

Cén scéal, a Nóra?


BRONNADH Gradam Uí Shúilleabháin 1998 ar Chló Iar-Chonnachta as ucht *Leabhar Nóra Ní Anluain* le hAlan Titley a fhoilsiú.

Bronnann Bord na Leabhar Gaeilge Gradam Uí Shúilleabháin, móide duais £1,000, ar fhoilsitheoir ar leith gach bliain mar aitheantas ar scoth foilseacháin a chuir siad i gcló.

Bhí *Fáinne an Lae* agus an *Athbheochan* (1898–1900), Caoilfhionn Nic Pháidín, Cois Life, ar ghearrliosta an ghradaim, maraon le *Na Gaeil i dTalamh an Éisc* le hAodhán Ó hEadhra, Coiscéim; *An Claiomh Solais*, Liam Mac Cóil, Leabhar Breac; agus *An Fear Marbh*, Colm Breathnach, Cló Iar-Chonnachta.

Iarrtar ar an gCoiste Measúnoireachta na rudaí seo leanas a chuir san áireamh agus rogha á dhéanamh acu: ábhar an leabhair, an dearadh, leagan amach, an chlódóireacht agus “an chaoi a bhfreastalaíonn an foilseachán ar riachtanais léitheoireachta an phobail”.

Triúr a bhí ar an gCoiste



Measúnoireachta. Sin iad An Dr Breandán Ó Conaire, Irene Ní Mhuireagáin, agus Mícheál Ó Ríordáin.

Maidir le *Leabhar Nóra Ní Anluain*, leabhar an ghradaim 1998, bhain sí duais na gearrscéalaíochta, Comórtas Dhonncha Uí Chéilleachair, in Oireachtas 1998.

Céad gearrscéal atá sa gcnuasach, “céad scéal ó cheartlár na cruinne”. Tá an gearrscéal clasaiceach ann, an dréacht fantasaíochta, an parabal, an fáidhscéal agus an fabhalscéal, agus

scéalta nach iad.

Is scríbhneoir agus scoláire é Alan Titley, údar an leabhair, fear a bhfuil idir úrscéalta, dhramaí agus aistí critice foilsithe chomh maith aige. Tá lucht léitheoireachta dílis aige, agus is i líon a bheas siad ag dul, mar aistrítear cuid dá shaothar go Béarla, go Cróitis, go hIodáilis, go Rómáinis agus go hAlbáin.

Cuireann trí léaráid déag le hÉadaín Ní Mhadagáin go mór leis an leabhar.

£1½ milliún do scéimeanna éagsúla teanga

CUIRFIDH Bord na Gaeilge £500,000 ar fáil do chúig ghrúpa le tionscnaimh éagsúla teanga a chur ar bun sa dá bhliain atá romhainn. “Ag cur an Dátheangachais ag Obair,” atá mar theideal ar an scéim agus é mar aidhm aici cur le húsáid laethúil na teanga ar fud na tíre. Fuarthas 96 iarratas.

Deir an Bord gurb iad na critéir ghinearálta a úsáideadh chun na hiarratais a mheas “ná go mbeadh an Ghaeilge, go háirithe labhairt na Gaeilge, lánach i ngníomhaíochtaí an phobail. Bhí béim chomh maith ar leanúnachas na scéimeanna, go leanfadh siad ar aghaidh gan tacaíocht airgid ón mBord,” a deirtear.

Is iad na grúpaí a roghnaíodh ná:

Port Láirge le Gaolainn	£75,000
Glór Mhaigh Eo Teo	£75,000
Muintir Chrónáin	£85,000
Ceantar Naithi	£85,000
Gaelscoileanna	£100,000

Deir Port Láirge le Gaolainn go bhfuil fúthu an teanga a chur chun cinn ar bhealaí praiticiúla timpeall ar chontae Phort Láirge. Tá sé i gceist acu comhlacht a bhunú a chuimseoidh plean gníomhaíochta 27 eagrais go dtí seo, idir eagrais phobail, oideachasúla, spóirt, gnó srl. Osclófar lárionad pobail agus eolais i bPort Láirge.

Is é an aidhm atá ag Glór Mhaigh Eo Teo ná go mbeidh sé ar chumas gach príomhbhaile sa chontae sin stádas mar ‘Baile Dhátheangach’ a bhaint amach. Ceapfar riarthóirí contae ar bhonn páirtaimseartha chun na gníomhachtaí éagsúla a chomhordú agus chun grúpaí pobail agus stáit a thabhairt le chéile chun plean contae a chur i bhfeidhm.

Tá Muintir Chrónáin ag iarraidh go

Diúltú do scéim Ghael-Linn

LE BLIANTA beaga anuas tá Gael-Linn ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar Theach Sisile, áit luachmhar a cheannaigh an eagraíocht i gceantar Bharra an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Nuair a cheannaigh Gael-Linn an teach, agus seanstóras taobh leis, dúirt siad go raibh rún acu ionad cultúrtha Gaeilge a dhéanamh ann.

Níor tharla sin, agus dealraíonn sé anois nach dtarlóidh go ceann i bhfad. An mhí seo caite dhiúltaigh An Bord Pleanála d’iarratas le hóstán, teach tábhairne agus ‘ionad cultúrtha’ a thógáil ar an láthair.


Iarratas ó Ghael-Linn agus Fitzers, an comhlacht bialanna, a cuireadh faoi bhráid Bhordas Átha Cliath mí Aibreáin seo caite. Óstán le ceithre sheomra leapan agus beár a bhí beartaithe acu a thógáil. Bheadh an t-ionad cultúrtha mar chuid den bheár.

Cé gur ghlac an bardas leis an bplean, chuir Maoín Bharra an

Teampaill (TBP) agus áitritheoirí éagsúla sa cheantar in aghaidh na scéime agus rinne siad achomharc ar an mBord Pleanála. Dúirt siad go gcuirfeadh a leithéid d’fhorbairt isteach ar cheantar atá ag cur thar maoil le hóstáin agus le beáranna cheana féin.

Ghlac an Bord Pleanála lena n-argóintí agus dhiúltaigh don scéim. Ghlac an Bord leis an gcinneadh seo toisc go raibh an suíomh gar d’árasáin chónaithe, toisc go raibh go leor beáranna agus óstáin sa cheantar cheana féin agus toisc ollmhéid an bheáir a bhí beartaithe i gcomórtas le méid an óstáin é féin.

D’fháiltigh Laura Magahey as TBP go mór roimh an gcinneadh. Le tamall anuas tá an eagraíocht ag iarraidh dul i ngleic le fadhb na gcóisirí réamhphósta sa cheantar. Deir siad nach bhfuil a thuilleadh ollphábhanna de dhíth ar an áit.



Le déanaí d'eagraigh Pléaráca Chonamara ceardlanna sa damhsa comhaimseartha d'ógánaigh na Gaeltachta thiar. Deir Majellá Ní Chriocháin ón eagraíocht gur fhreastail thart ar 60 gasúr ar na ceardlanna, a bhí faoi stiúir ag an damhsóir Ríonach Ní Néill as Compántas Damhsa Dagda i Luimneach. Táthar ag súil go dtiocfaidh Ríonach ar ais go Conamara an mhí seo chugainn, mar dhamhsóir cónaithe, chun cabhrú le tionscnaimh éagsúla a bhaineann leis an óige.

mbeidh Gaeilge le cloisteáil agus le feiscint mar chuid den saol laethúil i gceantar Chluain Dolcáin agus go n-aithneofar ina bhaile dhátteangach é. Bhí obair an eagrais dírithe go dtí seo ar an nGaeilge a chur chun cinn in Áras Chrónáin ach deir siad go mbeidh béim as seo amach ar an bpobal.

Tá sé eagrais déag i gCill Tiarnáin, Stigh Lorgáin agus Dún Droma páirt-each sa ghrúpa Ceantar Naithí - Glór na nGael. Tá sé i gceist acu díriú ar an óige, lucht gnó, na meáin, agus eagrais spóirt is oideachais i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Mar thús foilseoidh siad léarscáil dhátteangach den cheantar.

Is é an aidhm atá ag scéim Ghaelscoileanna ná go mbeadh "tionchar cinnte dearfach" ag bunú gaelscoile ar an bpobal áitiúil. Tá sé i gceist acu scoileanna nua a bhunú agus scoileanna seanbhunaithe a iompú ar an nGaeilge, chomh maith le scéim

phiolótach le deiseanna labhartha Gaeilge a chruthú do phobal na scoile.

Slán le comhaireamh na bhfocal

TIOCFADH deireadh go luath leis an scéim chraiceáilte úd faoinar focadh deontais le foilsitheoirí Gaeilge de réir líon na bhfocal ina gcuid leabhar.

Tá an idirbheartaíocht a bhí ar siúl idir Bord na Leabhar Gaeilge agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán curtha i gcrích. Níl de dhíth ach síniú an Aire, nó síniú an Aire Stáit sa chás seo, le go bhfógrófar na sonraí.

Tuigtear go dtabharfar deontas

táirgíochta don bhliain do chomhlachtaí foilsitheoireachta in aon chnap amháin. Beidh an deontas ag brath ar phlean bliana a chuirfidh na foilsitheoirí faoi bhráid Bhord na Leabhar Gaeilge.

De bhreis air sin, íocfar deontas breise mar "bónas" leis na foilsitheoirí ag deireadh na bliana, ag brath ar an gcaoi a n-éiríonn lena gcuid leabhar ar an margadh. Is é an fáth atá leis seo ná iarracht a dhéanamh "gné a bhaineann le fiontraíocht a spreagadh", de réir duine a bhfuil fios aige.

Níl íocfar an deontas breise seo má tá an Bord in amhras faoi fhiúntas an ábhair nó faoin gcaighdeán táirgíochta. Fágann sin go mbeidh an caidreamh a bhíonn idir an Bord agus na foilsitheoirí chomh tinneasach is a bhí riamh.

An léireofar sa scéim nua cén straitéis a bheas ag an mBord le é féin a chosaint ó líomhaintí go bhfuil sé ag iarraidh tionchar míchuí a imirt ar ábhar na leabhar?

Tá an Bord ag súil go líonfar cuid de na bearnaí sa margadh faoi thionchar na scéime nua. Ar na réimsí a dteastaíonn forbairt uathu áirítear prós éadrom do dhaoine fásta, leabhair do dhéagóirí, leabhair do pháistí agus cinn do lucht foghlamtha na teanga.

Níl aon toradh le feiceáil fós ar an idirbheartaíocht a bhí ar siúl idir an Bord agus an Chomhairle Ealaíon maidir le seirbhís tacaíochta a chur ar bun d'fhoilsitheoirí Gaeilge.

Os cionn bliana ó shin chuir an Bord moltaí faoi bhráid na Comhairle Ealaíon maidir le lárionad comhairleoireachta a bhunú ina mbeadh saineolaithe eagarthóireachta, dearthóireachta agus margaíochta fostaithe le cabhrú le foilsitheoirí.

Idir an dá linn, agus na leasuithe seo ar na bacáin, tá an tAire Stáit, Éamon Ó Cuív, tar éis cathaoirleach agus comhaltáí an Bhoird a athcheapadh ar feadh tréimhse trí bliana - ó 1 Eanáir 1999 go 31 Nollaig 2001. Sin iad an **Dr Éamon Ó hÓgáin** (cathaoirleach), iar-eagarthóir ar an nGúm agus ceann tionscadail ar an bhFoclóir Gaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann; an t-údar **Seán de Fréine**; **Ursula Ní Dhálaigh**, a bhíodh tráth ina heagarthóir le Comhlacht Oideachais na hÉireann; **Áine Nic Gearailt**, bainisteoir an tSiopa Leabhar sa Chultúrlann i mBéal Feirste; **Diarmuid Ó Cathasaigh**, bainisteoir ÁIS i mBord na Gaeilge; **Rhoda Uí Chonaire**, iar-eagarthóir cunta ar an nGúm agus iar-chomheagarthóir ar an iris *Comhar*; agus **Vivian Uibh Eachach**, aistritheoir i Rannóg an Aistriúcháin agus iar-eagarthóir ar *Chomhar*.

'Díomá' ar an mBord Scannán faoi líon na n-iarratas Gaeilge

CÚIS DÍOMÁ do Bhord Scannán na hÉireann is ea a laghad iarratas a fhaigheann siad i gcomhair fadscannán Gaeilge. Thug **Paddy Hayes** ón mBord an méid sin le fios le déanaí nuair a labhair sé le grúpa léiritheoirí neamhspleácha ag seimineár lae a d'eagraigh TnaG.

"Ní hé go bhfuil na scannáin féin díomúch ach ní fhaigheann muid ár ndóthain," a dúirt sé. "Ní fhaigheann muid leath ár ndóthain. D'fhéadfainn a chomhaireamh ar lámh amháin na hiarrataisí Gaeilge a fuair muid i gcomhair forbairt nó léiriúcháin fadscannáin le dhá bhliain anuas.

"Tá sé de dhualgas orainn, mar aonad náisiúnta cultúrtha, tacaíocht a thabhairt do scannáin i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an bord báúil leis an teanga, agus déanfaidh muid ár ndícheall cabhrú le tograí as Gaeilge má tá an caighdeán iontu, ach caithfidh na smaointe teacht uaibhse.

"Níl muid inár stiúideo scannáin a théann amach ag lorg scríbhneoirí nó stiúrthóirí - tá muid anseo chun cabhrú le léiritheoirí neamhspleácha a gcuid scéalta a chur ar an scáileán. Níl sceideal teilifíse le líonadh againn ná níl ábhar nó fad ar leith á lorg againn.

"Ní dhéanann muid coimisiúnú ná craoladh. Tá freagracht an-leathan ar an mBord chun scannánaíocht in Éirinn a spreagadh agus a mhéadú ar aon tslí gur féidir linn," a dúirt sé.

Tugann Bord Scannán na hÉireann iasachtaí léiriúcháin do thart ar naoi bhfadscannán agus sraith teilifíse in aghaidh na bliana. Ar an meán, faigheann na léiritheoirí idir deich faoin gcéad agus fiche cúig faoin gcéad dá mbuiséid i bhfoirm iasachta ón mBord.

Chomh maith leis sin, tugann sé iasachtaí forbartha do léiritheoirí atá ag iarraidh script nó imlíne scripte a fhorbairt.

"Ardaíodh an uasmhéid is féidir leis an mBord a thabhairt amach go £50,000 d'aon togra amháin le déanaí, agus tá sé i gceist go gcaithfear an t-airgead seo ar athscríobh, doch-túireacht scripte, taisteal agus marg-aíocht srl. Ná ceap go bhfuil a lán ansin

- cosnaíonn sé ar an mheán £80,000 chun scannán a fhorbairt in Éirinn.

"Is féidir le scríbhneoirí aonair iarratais a chur isteach, ach b'fhearr linn iarrataisí a fháil ó fhoirne nó ó chomhlachtaí



Scéal dubh dorchá le greann agus aicsean is ea *Cosa Nite* le Darach Ó Scoláí. An comhlacht léiriúcháin Rosc a d'fhoilsigh. Bunaíodh an t-úrscéal gearr seo ar an ngearrscannán den teideal céanna a rinne Rosc faoin scéim Oscailt de chuid Bhord Scannán na hÉireann agus TnaG. Leanfar leis an scéim i mbliana.

léiriúcháin," a dúirt sé.

Cabhraíonn an Bord le roinnt cláracha teilifíse a dhéanamh, an fhad is gur 'cláracha scannánúla' iad. Cén sórt tograí atá á lorg acu?

Dúirt Ó hAodha: "Tá sé b'fheidir níos fusa a rá ead nach bhfuilimid a lorg. Caithfidh níos mó a bheith inár gcláracha faisnéise ná mar a bheadh i ngnáthchlár i gcomhair na teilifíse. Ní bhíonn muid ag euardach sraitheanna faisnéise nó téama ar bith - tá sé sin suas daoibhse.

Dúirt sé nach é an Bord Scannán an t-aon chiste airgid amháin a bhíonn ag scannán agus go mbíonn craoltoirí eile i gceist de ghnáth. Dúirt sé go bhfuil an Bord ag lorg scannáin faisnéise ar ardchaighdeán, taitneamh sùil iontu, ábhar corraitheach agus pearsain spéisúla, agus iad feiliúnach don scáileán mór. Dar leis nach bhfuil na léiritheoirí Éireannacha ag baint a ndóthain leasa as comhléiriúcháin lena gcomhleacaithe i dtíortha eile.

"Giota beag amach ó chósta Dhún na nGall tá oileán beag a dhéanann thart fá trí fhadscannán in aghaidh na bliana. Tá daonra 270,000 san Íoslainn, daonra níos lú ná labharthóirí na Gaeilge de réir an *census* deireanach, agus éiríonn leo trí scannán a dhéanamh gach bliain.

"Níl buntáiste easpórtála acu ach oiread mar is le fotheidil a thaispeántar na scannáin seo sna tíortha Lochlannacha eile. Ní fhaigheann na scannáin seo ach thart fá 25 faoin gcéad dá mbuiséid ón Icelandic Film Fund agus faigheann siad an chuid eile dá mbuiséid ón margadh.


"Tá dul chun cinn déanta sa Bhreatain Bheag chomh maith. Tá ceithre fhadscannán déanta i mBreatain. Dhá cheann díobh, do dheineadar iad a thaifead faoi dhó, leis an dialóg as Béarla agus as Breatainis.

"D'éirigh leis an léiritheoir Paul Turner leath dá mhaoiniú a fháil ó Arte - stáisiún teilifíse Francach-Germánach - i gcomhair *La Belle Vallée*, a bhí déanta leath i mBreatainis agus leath i mBéarla.

"Smaoinigh gur le fotheidil a fheictear formhór na scannán a thaispeántar san Eoraip. Tá taithí ag muintir na hEorpa breathnú ar fhotheidil. Is eoma le muintir Osló ná Moscó cá as a dtáinig na scannáin seo ach bíodh siad dea-chumtha.

"Más féidir le muintir na Breataine Bige agus muintir na hÍoslainne maoiniú Eorpach a mhealladh, níl fáth ar bith nach bhféadfaimidne an rud céanna a dhéanamh. Is tionscal idirnáisiúnta é tionscal na scannán agus caithfidh muid teacht ar scéalta oiriúnacha don mhargadh a bhfuil féidireachtaí comhléiriúcháin iontu."

Bhí H.G. Wells cinnte go mbeadh rath ar an Aontas Sóibhéideach san am a bhí le teacht. Is eol dúinne nach amhlaidh a bhí. Cé mar a bheas sna ceantair talmhaíochta san Aontas Eorpach agus an Bhruiséil ag brú a cuid maorlathais orthu?



Un pays sans vie au coeur de la France

SHAMHLAIGH MISE saol na mbailte beaga leis an bhFrainc riamh nuair a bhí mé beag. Na sráidbhailte, na pobail feirmeoireachta, a gcuid nósanna, an creideamh a bhí acu — má bhí — agus an pholaitíocht áitiúil. Is in úrscéalta Gabriel Chevalier faoi Clochemerle is fearr a bhí blas le fáil ar an saol sin. Sráidbhaile is ea Clochemerle ó dheas de Pháras, é suite i gceartlár cheantar fíona, agus saol féilteúil ann bunaithe ar an bhfiniúin.

Úrscéalta grinn a bhí iontu. Justine Pulet bhocht i dtúr na

PÁDRAIG Ó SNODAIGH

‘Níl siopa ann, áit a gceannódh duine nuachtán ná bainne, áit a gcasfadh mná an bhaile le chéile lena gcuid biadáin a dhéanamh’


heaglaise, gan snáth ar a colainn seang, í ar a teitheadh ó leaids an chumainn rothaíochta, na leaids céanna ag déanamh fuail le ballaí an leithris nua, iad taobh le chéile in aon líne amháin agus gach *prenez-garde* sollúnta acu.

Sin nó an *curé* aosta ag dul chuig

faoistin chuig cara leis ar a sheanrothar. Maiteanas á iarraidh aige roimh aifreann an Domhnaigh faoin mbeagán peacaí drúise a bhí ar a anam — gan déanta aige ach féachaint ar an tseanbhean a bhí i bhfeighil an tí dó. Dar ndóigh, níl Clochemerle ar léarscáil ar bith.

Níl ná Scoury, ach bhíos féin ann le gairid, agus is ann a thuig mé a bhfuil tarlaiche do cheantar Chevalier ó dheas de Pháras, tuairim is caoga míle soir ó Poitiers i limistéir Indre.

Ní pobal bríomhar tuaithe a bhí romham. Meabhraíodh Clochemerle dom ar éigean nuair a d'oscail an *restaurant* le freastal ar na ➤



tiománaithe leoraí. Ach ní raibh ann ach oscailt i gcomhair lóin.

Tá pub ann, cuid d'óstán an bhaile a bhaineann slí bheatha as lucht iascaireachta agus siúlóide a thagann an bealach. Uair sa mhí nó sa ráithe a bhíonn an *bar* ar oscailt ansin nuair a bhíonn cruinniú ag Rotary International na háite.

Tá scoil Scoury dúnta le fada. Níl fostaitheoir mór san áit ach monarcha ceimicí. Agus is ait liom í sin a bheith lonnaithe in aice le 'páirc náisiúnta'. Is 'páirc náisiúnta' atá sa cheantar seo anois, agus smacht ar chúrsaí talmhaíochta de réir rialacha an chomhphobail.

Níl siopa ann, áit a gceannódh duine nuachtán ná bainne, áit a gcasfadh mná an bhaile le chéile lena gcuid biadáin a dhéanamh.

Is ag freastal ar bhainis a bhíos-sa, agus is sa chéad bhaile eile, Cirion, a bhí an searmanas féin. Bhí an séipéal ann oscailte don ócáid, ach dúnadh láithreach arís é. An seansagart a phós an bheirt, bhí cúram ceithre pharóiste eile air chomh maith.

Is infon le cara liom a bhí ina brídeog, agus bhí seanteach a muintire ar oscailt i gcomhair na

Pádraig Ó Snodaigh (ar chlé) agus daoine muinteartha leis i Scoury na Fraince

hocáide mar a bhíonn freisin anois is arís i gcaitheamh an tsamhraidh. Teach breá tuaithe, seomra maorga ann, dhá stór agus ciléar, fofhoirgintí agus eile.

Tá fíonghort ann atá ag dul chun fiántais. Níl cead an fíon a dhíol agus níl an lucht oibre ann don chúram dá mb'áil leis na húinéirí na caortha finíúna a bhaint.

Montrésor

Coirceoga beach ann freisin agus gan chóir ná caoi orthu de cheal



The silence of the lambs

PÁDRAIG SEOIGHE

*Lig mé fead is cúig chéad béic ort
Freagra ní bhfuairas ach na huain
ag meiligh. (Dónall Óg)*

TÁ LAGMHISNEACH ar na feirmeoirí beaga i gCamus, i Ros Muc, agus in Iorras Aithneach. Tá an chuma ar an scéal go mbeidh orthu 30% dá gcuid caorach a chur de na cnoic.

Gheobhaidh siad cúiteamh £700 in aghaidh gach céad caora, agus seo scéim a leanfaidh ar aghaidh ó bhliain go bliain. Braithfidh an cúiteamh ar phraghasanna agus ar bhrabach na bliana.

Is fearr sin ná na praghasanna tubaisteacha a bhí á dtairiscint i mbliana. Ach fágann an scéim seo nach n-éireoidh na feirmeoirí as na caoirigh ar fad go fóill.

Murach an scéim ní bheadh airgead ann ná dóchas. Is é míbhuntáiste na scéime áfach

go mbeidh na feirmeoirí faoi smacht – sin é an sprioc atá leis freisin.

Chomh maith leis an gcúiteamh seo ar na caoirigh, is ceart a chur san áireamh go bhfuil cúiteamh ann d'fheirmeoirí mar gheall ar an Rural Environment Protection Scheme (REPS).

De bharr chaomhnú na timpeallachta, tá cosc ar na feirmeoirí cuid dá gcuid oibre a dhéanamh. Agus níl brabach feasta ar chuid eile den obair.

Is údar imní do gach feirmeoir beag go bhfuil an tóin ag titim as an tslí bheatha a chleacht sé féin agus a mhuintir roimhe.

Deir go leor go bhfuil an iomarca caoirigh ann. Ach má thuigtear sin anois, d'fhéadfai é a thuiscint cheana, agus féachaint leis an ngéarchéim a sheachaint, seachas muid a fhágáil ag caoineadh an bhainne dórtá.

cúraim.

Is iomaí acra talún timpeall an tí, crainnte áille, caoga acra de locha


agus cead iascaireachta. Annamh go leor a bhactar le hiascaireacht ann anois.

Tá tithe eile sa timpeall agus iad folamh, roinnt bheag tithe samhraidh – is cosúil gur fearr leis na Francaigh na tithe cois trá.

£50,000 an praghas


atá ar ghabháltas mo charad, ach is beag éileamh atá ar thithe dá shórt nó ar thithe de shórt ar bith i Scoury, bíodh is go mbíonn fógra ina dtaobh go minic thar lear.

Cás eile do Shéamas Ó Conghaile agus a chuid scéimeanna um daoine a athlonnú faoin tuath?



The new millenium has already started, or will not happen for hundreds of years, depending on your point of view. Who cares? Let's party!

SOS 2000



NUAIR A BHEIDH an Mhílaois á ceiliúradh anseo i Meiriceá, is deimhin nach mbeidh ganntanas féilte ann. Fad is atá cuid des na daoine ag tnúth le spóirt is scléip, tá cuid eile ag faire ar dheireadh an domhain, cuid eile inmíoch faoin méid atá i ndán dár ríomhairí, agus cuid eile fós nach bhfuil suim dá laghad acu san ócáid de bharr a gcreidimh.

Ar an bhféilire Críostaí atá an Mhílaois nua bunaithe. I bhféilire Ioslaim, mar shampla, seo í an bhliain 1419, agus meas-tar go mbeidh Ioslam ar an dtríú creid-eamh is líonmhaire i Meiriceá sar i bhfad.

Tá an féilire Síneach ag druidim arís le Bliain an Choinín, is leis an bhliain 4697, i Feabhra 1999. Dar leis an bhféilire Iúdach, is í an bhliain 5759 atá ann anois.

Cuir leis sin an deighilt bhunreachtúil idir an eaglais agus an stát sa tír seo, agus is éasca a thuiscint nach gcaithfear mórán d'airgead an phobail ar leachta cuimh-neacháin, bior caol ard mar a bheidh i mBaile Átha Cliath, nó cruinneog mhór Shasana.

I measc na ndaoine a bheidh ag ceiliúradh, seans maith go mbeidh lucht leanúna Bacchus, Véineas, is Adonis sa mhóramh, ach ní gá a thuilleadh a rá faoi sin.

Ach tá dream eile ag faire ar an bhféilire freisin, agus sin iad na Críostaithe Bunúsacha. Lá an Luain – Armageddon – a bheidh ann dar le cuid acu san, an slad deireanach á imirt ag an gceathrar ridirí fíochmhara.

Thug an té atá ina easpag ar cheann des na heaglaisí Lúitéaracha ráiteas agus rabhadh uaidh faoi seo le déanaí. Níl ceangal ar bith sa mBíobla, a deir siad lena lucht leanúna, idir Filleadh Chríost agus an Mhílaois.

Ach is cuma le cuid des na Bunúsáigh a leithéid de ráiteas, is tá buíonta beaga díobh ag ullmhú do lá na feirge. Tá cuid acu imithe cheana féin go hIosrael, áit a dtosnófaidh an slad, a deir siad.

Cuid eile, níl a fhios ag éinne cá bhfuil siad. Ach is baolach go mbeidh dream nó dhó ag ullmhú don fhéin-mharú deas-ghnáthach, amhail is a rinne an bhuíon



ARABIAN NIGHT . . . Grianghraf a tógadh sa bhliain 1419 sa Mheán-Oirthear

Heaven's Gate, cúpla bliain ó shin, nó lucht leanúna Jim Jones i Jonestown, Guyana.

MÍOLAIS?

SEACHAS SCLÉIP nó slad, tá go leor daoine dírithe ar chás eile, is é sin an méid atá i ndán dár ríomhairí. Armageddon nua-aimseartha dar leosan, cliseadh ríomhaireachta, agus fadhb le gach cinneadh tráchtála ar domhan – mura mbeimid ullamh.

Feithid na Mílaoise – na mílaoise – a thugtar ar an bhfadhb seo. Ní hionann é seo is na feithidí beaga a thug an leagan *bug in the system* dúinn na blianta ó shin.

Séard atá i bhFeithid na Mílaoise ná an toradh a bheidh ar chinneadh a deineadh nuair a cuireadh ríomhairí pearsanta ar fáil ar dtús. Ganntanas áite le heolas a stóráil ba bhun leis: scríobhadh an cód do na blianta nach bhfuil iontu ach dhá fhigiúr, 97, 98, 99 mar shampla.

Ach céard a dhéanfaidh ríomhairí nuair a fheicfidh siad an bhliain 00? Is baolach go dtuigfear do chuid mhaith díobh gur 1900 atá i gceist, is beidh praiseach breá sna bainc, sna hospidéal,

agus sna haerfoirt.

Tá os cionn sé scór comhlucht ag cur seirbhísí ar fáil le Feithid na Mílaoise a mhúchadh. Is tá dlí reachtaithe ag an rialtas chun cabhrú le comhluchtaí is le hinstiúidí uile na tíre seo bheith ullamh don B2M (Y2K).

Cé acu ba thúisce, an fhadhb nó an réiteach? Meastar go gcosnóidh an tionscnamh seo na billiúin dollar. Ach d'ainneoin san, deirtear nach mbeidh gach comhlucht nó fiú gach roinn stáit ullamh don Mhílaois.

Is é an toradh a bheidh air seo, dar le cuid de na saineolaithe, ná go mbeidh tionchar tubaisteach ag an bhFeithid ar chúrsaí eacnamaíochta ar fud an domhain.

Ar an dtaobh eile den scéal, chuala mé, is mé ar Scoil na mBráthar anallód, gur sa bhliain 3 RC a rugadh Íosa Críost i ndáiríre.

Más fíor, tá an Mhílaois nua tosnaíthe i ngan fhios dúinn. Mura bhfuil san fíor, is dócha gur sa bhliain 1 A.D. a rugadh Íosa.

Níl suim ag mórán daoine anseo san loighic sin. Tá siad ag tnúth leis an bhféile. Ní bheidh ach B2M amháin againn, is ní bheidh deireadh an domhain ann ach aon uair amháin. Bainimís deatach as!

Just under three per cent of the state's adult population say they speak Irish every day, while almost five per cent of pre-school children speak the language. **Donncha Ó hÉallaithe** reports on a glass half empty or half full, depending on your point of view.

An bhfuil an ghloine leathlán nó leathfolamh?

**Is taobh amuigh den
Ghaeltacht atá cónaí ar 71%
den 71,000 daoine fásta a
labhrann Gaeilge gach lá**

LABHRANN BEAGNACH 71,000
duine fásta – nó 2.9% den daonra os
cionn 19 bliain – an Ghaeilge gach lá
sa Phoblacht, de réir daonáirimh
1996. Labhrann 4,812 páiste idir 3 is
4 bliain d’aois í gach lá, nó 4.6% den
aaisghrúpa sin.

Direach roimh an Nollaig d'fhoil-
sigh an Phríomhoifig Staidrimh
anailís chuimsitheach ar thorthaí an
daonáirimh ó thaobh na Gaeilge de.
Tá idir dhóchas is éadóchas ann don
té ar cás leis todhchaí na teanga.


Bliain chinniúnach i gcúrsaí pleanála teanga in Éirinn ab ea 1996. Seachas an cheist ghinearálta a chuirfí sna daonáirimh roimhe sin – nár thug le fios ach líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu – don chéad uair cuireadh ceisteanna point-eáilte maidir le labhairt na teanga.

Iarradh ar dhaoine féinmheas-
tóireacht a dhéanamh ar cé chomh
minic is a labhrann siad Gaeilge. Ba
iad ‘go laethúil’, ‘go seachtainiúil’,
‘go hannamh’ agus ‘ní labhrann
riamh’ na roghanna a tugadh.

As an 71,000 duine fásta a dúirt go labhrann siad an teanga gach lá, tá cónaí ar 20.813 díobh sa Ghaeltacht.

Cnámh spairne

IS MINIC torthaí an daonáirimh ina gcnámh spairne idir lucht cúise na Gaeilge agus daoine eile. Bíonn sé le maíomh ag lucht na cúise go bhfuil Gaeilge ag 1,430,205 duine sa stát. Bíonn daoine eile ag fonóid faoin



bhfigiúr áibhéalach céanna.

De réir anailís an CSO tá 353,663 den 1.4 milliún seo a deir go labhrann siad an Ghaeilge 'go laethúil'. Ach nuair a scrúdaítear comhdhéanamh na nGaeilgeoirí laethúla seo, is daltaí scoile is mó atá iontu seo.

Nuair a bhaintear daoine in aois scoile as an áireamh, níl fanta ach 70,950 duine, nó duine as gach 34 os cionn 19 bliain d'aois.

Gaillimh is treise

AS AN 20,813 duine fásta sa
Ghaeltacht a labhrann Gaeilge gach

lá tá cónaí ar 8,431 díobh i nGaeltachtaí na Gaillimhe, móide 481 duine sa chuid

cionn 19 bliain d'aois i 1996 - a bhféadfaí a rá fúthu go bhfuil Gaeilge á

'Dúirt os cionn a dtrian - 297,700 - nach labhrann siad an Ghaeilge ariamh, cé go bhfuil sí acu'

sin den Ghaeltacht oifigiúil atá slogtha ag cathair na Gaillimhe.

Dúirt 49.46% de na daoine fásta i nGaeltacht na Gaillimhe go labhrann siad an Ghaeilge go laethúil. Sa chuid sin den Ghaeltacht atá istigh sa gcathair, 7.89% an céadchodán atá ann.

Tá 7,301 duine fásta a labhrann an teanga gach lá i nGaeltachtaí Dhún na nGall; 1,975 i nGaeltachtaí Chiarraí; 1,416 i nGaeltacht Mhaigh Eo; 745 i Múscraí; 260 sna Déise agus 204 i nGaeltachtaí na Mí.

Léiríonn na torthaí go raibh 864,000 duine fásta sa stát a dúirt go raibh labhairt na Gaeilge acu. Díobh siúd, dúirt os cionn a dtrian - 297,700 - nach labhrann siad an Ghaeilge ariamh, cé go bhfuil sí acu.

Chomh maith leis an 71,000 a dúirt go mbíonn an Ghaeilge á labhairt go laethúil acu, tá 46,800 eile a dúirt go labhrann siad í 'go seachtainiúil'.

Fágann sin go bhfuil 117,800 duine fásta - nó 4.85% díobh siúd a bhí os

labhairt go measartha rialta acu. Dúirt beagnach 450,000 duine fásta eile nach labhrann siad an Ghaeilge ach go hannamh.

Ardú suntasach

TUAIRISCÍONN AN CSO go raibh 8,471 páiste réamhscoile - páistí idir 3 is 4 bliain d'aois - a raibh Gaeilge acu i 1996. Is ardú suntasach é seo ar an 5,324 páiste a tuairiscíodh i 1991 go raibh Gaeilge acu - ardú céadchodáin ó 4.6% i 1991 go 8.15% de na páistí réamhscoile (idir 3 agus 4 bliana d'aois) sa stát ina iomláine.

Is deacair mórán iontaobhe a chur sa bhfigiúr seo, áfach, mar tuairiscíodh chomh maith nach labhrann ach beagán le cois leath na bpáistí seo an teanga go laethúil.

B'fhéidir go léiríonn sé athrú meoin i bhfabhar na teanga sa sochaí go ginearálta, seachas méadú ar chumas labhartha na bpáistí.

B'é 4.63% an

BAILTE IDIR 5,000 AGUS 10,000 DUINE

	Daonra (±3 bliana)	% a labhrann Gaeilge go laethúil	% a labhrann Gaeilge go seachtainiúil
Eocnail	5,710	11.6	3.1
Maigh Nuad	8,096	11.3	4.3
Muineachán	5,619	11.2	3.8
Aonach Urmhumhan	5,663	11.1	4.1
Tuaim	5,404	10.8	4.8
Caisleán an Bharraigh	8,138	10.7	4.3
Port Laoise	8,994	10.6	4.0
Na Saeirí	7,041	10.2	3.7
An tSionnainn	7,599	10.0	3.9
Béal an Átha	8,357	9.9	4.2
Dún Garbháin	6,849	9.9	4.4
Mala	7,450	9.7	3.2
An Cábhán	5,356	9.3	4.2
Maileistir na Corann	5,947	9.1	2.9
Ros Mhic Treoin	5,913	8.9	3.5
Cóbh	8,083	8.8	3.2
An tInbhear Mór	8,183	8.6	3.8
Bailé an Bhriogáin	8,074	8.6	3.0
An Longfort	6,688	8.5	3.1
Bailé Átha í	5,080	8.4	3.6
Béal Átha na Slua	5,479	8.2	4.9
Inis Chóorthaigh	7,335	7.7	3.4
Ros Eo	5,150	7.6	3.0
Cill Mhantáin	6,913	7.5	3.1
Carraig na Siúire	5,007	7.4	2.1

NÓTA: Tá daltaí scoile san áireamh sna táblaí seo thuas, rud a chuireann na figiúirí as a riocht. Is minic a áirítear daltaí scoile ina 'chainteoirí Gaeilge' nuair is sa seomra ranga amháin a labhrann sé i.

céadchodán páistí idir 3 agus 4 bliana d'aois ar tuairiscíodh Gaeilge a bheith acu i 1991. Bhí an céadchodán céanna á labhairt go laethúil i 1996.

Aiséirí na Rinne

NÍL CÓNÁÍ sa Ghaeltacht ach ar 861 den 4,812 páiste idir 3 agus 4 bliana d'aois a bhfuil Gaeilge á labhairt


Most Irish speakers live

MORE THAN 1.4 million people - 43 per cent of the Republic's population over three years old - claim the ability to speak Irish, according to an analysis of the 1996 census published last month.

Almost two-thirds of these either never speak the language or else speak it less frequently than weekly. About 71,000 adults - just under three per cent of the state's population over 19 years old - speak Irish on a daily basis, while another 46,800 speak it at least once a week.

Of the 71,000 daily adult speakers, almost 21,000 live in the Gaeltacht. In other words, 71% of those who claim to speak Irish every day live outside the Gaeltacht.

Only 36.5 per cent of the adult population in Gaeltacht areas say they speak Irish on a daily basis. This confirms anecdotal evidence that English



BAILTE OS CIONN 10,000 DUINE

	Daonra (+3 bliana)	% a labhrann Gaeilge go laethúil	% a labhrann Gaeilge go seachtainiúil
Cluain Meala	15,440	10.5	3.4
Leltir Ceanann	11,365	10.3	4.0
Muileann gCearr	11,852	10.2	3.8
Cill Chaitrígh	17,935	9.7	3.9
An Uaimh	12,170	9.7	3.1
Na Clocha Liath	10,840	9.7	3.7
Dún Dealgan	28,898	9.4	3.5
Nás na Rí	13,294	9.4	3.5
Mullach Íde	12,877	9.3	3.8
Trá Lí	19,132	9.2	4.0
Áth Luain	14,938	9.1	3.5
Droichead Nua	12,718	8.9	3.5
An Tulach Mór	9,580	8.9	3.6
Síod Ceimchille	20,904	8.7	3.5
Cill Árne	11,418	8.7	3.2
Bri Chualann	25,759	8.4	3.2
Loch Garman	15,232	8.4	3.0
Stigeach	17,700	7.7	3.1
Droichead Átha	24,113	7.6	2.8

CATHRACHA

	Daonra (+3 bliana)	% a labhrann Gaeilge go laethúil	% a labhrann Gaeilge go seachtainiúil
Cathair na Gaillimhe	54,988	11.1	5.3
Cathair Luimnigh	49,933	9.1	3.2
Cathair Chorcaí	122,667	8.8	3.4
Cathair Phort Láirge	40,734	7.9	2.9
Cathair Bhaile Átha Cliath	464,470	5.4	2.6

go laethúil acu. I nGaeltacht na Rinne is láidre atá an Ghaeilge i measc na bpáistí réamhscoile, más fíor do thorthaí an daonáirimh.

Deirtear go bhfuil Gaeilge ag 71% den aoisghrúpa iomlán sa cheantar sin, agus go bhfuil 51.5% ag labhairt na Gaeilge go laethúil.

outside the Gaeltacht


is now the dominant language in many parts of the Gaeltacht.

Some 8,471 pre-school children (between 3-4 years old) were able to speak Irish in 1996. On the surface this represents a significant increase on the 5,324 children in this age group who spoke Irish in 1991.

However, these figures should be treated with some caution, as only about half of the 8,471 who are reported as able to speak Irish actually do so on a daily basis.

A total of 861 children in the 3-4 age group speak Irish every day in Gaeltacht regions. This represents 34 per cent of this age group in the Gaeltacht, or a small decline on the relevant figure for adult speakers.

Uinsinn Mac Dubhghall



Cúrsa Gaeilge do dhaoine fásta

pic: D. Ó Baoill

'Tá 34% de pháistí réamhscoile na Gaeltachta ina gcainteoirí laethúla Gaeilge'

Más fíor do na figiúirí sin, léiríonn siad teacht aniar an-mhór don Ghaeltacht bheag seo, a bhí ag saothrú an bháis go tapaidh tamall de bhlianta ó sin.

A mhalairt atá fíor sa chuid sin den Ghaeltacht oifigiúil a áirítear anois ar chuid de chathair na Gaillimhe. Níl ach 7.8% den aoisghrúpa ag labhairt Ghaeilge go laethúil.

Meath na Gaeltachta?

IS ÁBHAR dóchais é go bhfuil líon níos airde Gaeilgeoirí laethúla i measc na bpáistí réamhscoile sa stát i gcoitinne ná mar atá i measc daoine fásta (4.6% seachas 2.9%).

Léiríonn sé go bhfuil

líon áirithe tuismitheoirí atá sásta a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge, cuma céard a tharlaíonn sa sochaí i gcoitinne, agus go bhfuil an líon sin réasúnta seasmhach.

A mhalairt atá fíor sa Ghaeltacht, áfach. Labhrann 861 páiste réamhscoile sa Ghaeltacht í, nó 34% den aoisghrúpa sa cheantar sin.

Cuir é sin i gcomparáid leis an 20,813 duine fásta sa Ghaeltacht (36.5% den aoisghrúpa) a labhrann go laethúil í. Sin titim bheag ó líon na gcainteoirí fásta. An comhartha é sin nach bhfuil an teanga ag trá sa Ghaeltacht chomh tapaidh céanna is a cheaptar de ghnáth?

Tá cónaí ar 29% de na daoine fásta a labhrann Gaeilge 'go laethúil' taobh istigh de na limistéir Ghaeltachta, i gcomparáid le 17.9% den aoisghrúpa 3-4 bliana.

Tiobraid Árann ag labhairt

NUAIR A chuirtear na contaethe éagsúla i gcomparáid ó thaobh céadchodán an daonra os cionn 3 bliana d'aois a labhrann an teanga 'go laethúil' nó 'go seachtainiúil', tá contae Bhaile Átha Cliath ar an gceann is ísle le 10.3%.

Tá daltaí scoile san áireamh anseo, áfach, rud a chuireann na figiúirí as a riocht. Is minic a áirítear dalta scoile ina 'chainteoir laethúil' nuair is sa seomra ranga amháin a labhraíonn sé í.

Is é contae na Gaillimhe is airde le 21.4%. Tagann Dún na nGall sa tarna áit le 19.1%. Tá 17% ag Ciarraí agus ag Maigh Eo araon.

Ar na contaethe nach bhfuil aon ceantar Gaeltachta iontu, is é Tiobraid Árann Thuaidh is mó a bhfuil Gaeilge ann, le 17%. Tá an figiúr seo chomh hard céanna is atá an ceann do Chiarraí agus do Mhaigh Eo.

Teanga na tuaithe

GO GINEARÁLTA léiríonn an daonáireamh go bhfuil na cathracha, seachas cathair na Gaillimhe, ar na háiteanna is ísle a bhfuil céadchodán Gaeilgeoirí iontu (féach an tábla thall).

Tá na contaethe ar chósta an oirthir - Lú, Cill Mhantáin, Loch Garman, Fine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Deisceart Átha Cliath - íseal chomh maith.

Tá muid brúoch den Phríomhoifig Staidrimh as an gcúnamh fial a thug siad dúinn i réiteach na tuairisce seo. Tá torthaí an daonáirimh ó thaobh na Gaeilge de le fáil in Imleabhar 9 de Dhaonáireamh 1996, a foilsíodh díreach roimh an Nollaig.

CUISLE NA GAELTACHTA

In eagrán mhí Feabhra de *Chuisle* déantar anailís chuimsitheach ar thorthaí an daonáirimh maidir le labhairt na Gaeilge sna Gaeltachtaí éagsúla.

Breton duo Jean-Michel Veillon (flutes) and Yvon Riou (guitar) played Ennis, Lurgan and Belfast recently, leaving audiences breathless. Jean-Michel spoke with *Cuisle* between tunes.

Oíche na Gaoithe Móire



"DES FERMES apparemment prospères . . . des centaines de corbeaux conquérants . . . des pubs occupés par des grands-pères rusés . . . partout un accueil amusé et philosophe . . . de tristes mendiants . . . un retour affamé et perplexé, avec des poches vides."

S FLIÚITEADÓIR MÓR é Jean-Michel Veillon. Pléascann na fuinneoga san áit a dtagann a racht ceoil leis. An *plinn*, an *gavotte*, foinn mhalla na Briotáine agus na hÉireann: sin iad an urlabhra atá aige. Tháinig sé go hÉirinn ar dtús i 1976. Na feirmeacha méithe ó thuaidh, na céadta préacháin, seanleids críonna i dteach an óil, lucht déirce, agus é féin ar an ngannchuid, sin iad a chuid cuimhní ar an am sin.

Faoi am seo, tá eolas ar cheol na hÉireann ar fud an domhain. Ní hamhlaidh do cheol na Briotáine. "Má tá seift agat le haird mhuintir na hÉireann a tharraingt ar an mBriotáin, abair liom é," arsa sé.

Ceol na hÉireann agus ceol na Briotáine, an bhfuil cosúlacht eatarthu? Freagraíonn Jean-Michel go stuama. "Sílím go raibh an-chosúlacht idir an dá cheol fadó riamh, sa deichiú haois, b'fhéidir, ach go bhfuil an-difríocht eatarthu

anois de bharr an dá fhorbairt a chuaigh orthu. Ach níos faide anall, san ochtú agus sa naoú céad déag, bhí cosúlacht idir ceol rince oirthear na Briotáine agus ceol rince na hÉireann. Ach ní ceol Ceilteach a bhí ansin, Éireannach ná Briotánach, ach rud níos fairsinge."

Míníonn fear na Briotáine gur rud nua atá sa gcosúlacht idir an dá cheol sa dá thír Cheilteach, agus gur leis an ré nua a bhaineann mórán pé cosúlacht atá ann.

"Is sna 1970í a bhí tionchar mór ag ceol na hÉireann orainne," a deir sé. "Ach faoi am seo, tá ceoltóirí óga anseo sa mBriotáin nach gcasann ceol na hÉireann beag ná mór."

Is uirlis nua atá sa bhfliúit sa mBriotáin, faoi mar is uirlis nua a bhí inti in Éirinn 120 bliain ó shin. Tá na scórtha tar éis spreagadh agus inspioráid a fháil ó Jean-Michel, múinteoir agus cainteoir, fear a bhfuil féith na filíochta ann, Béarla agus Briotáinis líofa aige.

A Neainsín Bháin

Ó 's a Neainsín Bháin cé is **ansa** leat fear eile ná mé féin?

'S a Neainsín a dtug mé **taitneamh** dhuit i dtosach ar mhná an **tsaoil**, (é)

Mar shíl mé go mba **bhreáichte** thú ná **bean** ar bith fán **saol**, (é)

Ach smid **chainte** ná raibh i **gccann** an té nach molfadh leatsa mé.

'S má théann tú chun an **aonaigh** (í) bíodh an **chaora** (í) leat 's an **-uan**,

'S má théann tú a' déanamh **tiobhais** (í) bíodh do **mhian** agat ar **dtús**.

Óra bíodh sí **maorga** (í) macánta 's í molta as a **cliú**,
'S ní barr **maoine** a thabharfas 'un **tiobhais** thú ach ná mealltar le sraoill **thú**.

'S dhá mbeadh "heels" agus "tops" faoi mo **bhróga** a'am agus **cóir** mhaith a bheith ar na **boinn**,

Nach **ngabhainn** 'chuile **Dhomhnach** ins an áit a mbíonn an **spraoi**,

Mar ní **thógfadh** an t-aos óg orm gach cor dhá gcuirfinn **dhíom**,

'S dhá mbeadh mo **stór** ar cheann an **stóil** níorbh fhada liomsa an **oích**.

'S ar theacht na **Nollag** nach dona í m'obair ' bheith ag síorchur ins an **gré**,

Nó mar a bheadh **seabhcán** ar bharr **sceiche** nó ar bharr glas na sú **craobh**. (é)

Ach mo **mhallacht** go deo anois a **thabharfainnse** d'aon fhear beo fán **saol**, (é)

A **thógfadh** orm ' bheith ag **cogarnach** le stóirín geal mo **chléibh**.

Muise a **théagairín** ní féidir dhuit gan duine éicínteacht a **fháil**,

A **nifeas** (réiteos?) do chuid **éadaigh** dhuit nó a fhuinfeas do chuid **aráin**.

Ach a **phéarla** atá breá **gléigeal** de chíoch de chois 's de **láimh**,

'Sé mo **léan** gan mé faoi **shléibhte** leat 's cead **éada** ag feara **Fáil**!

Leagan Pheadair Uí Cheannabháin:

Véarsa 2:

'S an chéad lá d'Éarrach tógfaidh mé **talamh** 's beidh áras agam **féin**,
'Gus séard a dtúirt mo mhuinntir liom nach bhfuil aon mhaith i mo **seál**.

Óra níl ach **togha** ar ógmhná an **domhain** 's beidh mo roghainn díobh agam **féin**,

Ní as a gcuid ná as a maoin a molfar í ach as a cáilíocht agus a **deamhain**.

Véarsa 3: 'S ar theacht na Nollag . . .

Véarsa 4: 'S dhá mbeadh "heels" agus "tops" . . .

Véarsa 5: 'S má théann tú chun an aonaigh . . .

Véarsa 6: Muise a théagairín . . .



AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

IS MINIC a cheaptar go bhfuil amhráin áirithe an-simplí agus an-éasca le casadh. Ach is fíor a rá freisin go mbíonn amhráin níos casta uaireanta ná mar a cheapann daoine.

Féach *A Neainsín Bháin* mar shampla. Tá fonn deas aerach ag gabháil leis agus ní fhéadfá a rá go bhfuil na focail róchasta, ach tabhair faoi deara an chaoi a bhfuil an rím ag gabháil tríd. (Rinne mé iarracht an rud atá i gceist agam a léiriú le **cló trom** agus **cló Iodálach** thíos.)

Tá brí agus mothúcháin an amhráin taobh istigh de chruth atá curtha le chéile go snasta ag an bhfile.

Ceapaim gur fearr focail áirithe a rá ar bhealach áirithe leis an rím atá curtha ann ag an bhfile a choinneáil slán.

I véarsa a haon mar shampla, tá na focail 'tsaoil' agus 'saol' ag deireadh líne 2 agus 3. Is féidir iad seo a fhuaimniú leis an bhfuaim 'í', ach b'fhearr liom féin an fhuaim 'é' a úsáid sa gcás seo, toisc go réitíonn siad ansin leis na focail 'féin' agus 'mé' atá i líne 1 agus 4.

Cloistear daoine go minic ag déanamh dearmaid air seo. Má tá tuairim agat faoi seo, ba bhréa liom cloisteáil uait. Idir an dá linn, tá na fuaimeanna a shílím féin is ceart a úsáid idir lúibíní thíos.

Is iad na véarsaí 1 go dtí 5 thíos na véarsaí is minice a chuala mise agus iad san ord sin, ach tá véarsa breise ag Peadar Ó Ceannabháin agus ord eile aige orthu. Tá sin curtha isteach agam freisin.

Tá dhá cheist eile agam faoin amhrán seo. Féach an líne: 'A nifeas do chuid éadaí dhuit nó a fhuinfeas do chuid aráin.'

Ar chuala éinne aon fhocal eile seachas 'nifeas' sa líne seo? Bheadh an focal 'réiteos', nó focal eile cosúil leis, níos dóile don rím.

An bhfuil an véarsa deireanach gnéasclaonta? Ceapaim féin gur le meas a deirtear é, ach arís bheadh spéis agam do thuairim a fháil faoi.

Alas mian leat abhar a chur faoi bhráid Antaine nó ceist a chur air faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tinet.ie nó seol nóta isteach chuige faoi chúram Caisle, Casla, Go na Gaillimhe.

Ó CHICAGO GO CARRACHÁN

Cló Iar-Chonnachta
Maidhc Dainín Ó Sé

CEIRNÍN MEIDHREACH, ceirnín te buite as Ciarraí. É á sheinm ag fear atá i mbarr a réime, Maidhc Dainín Ó Sé, é i gcuideachta le Caoimhín Ó Sé (feadóga), Fergus Flaherty (giotar), John Browne (banjó), agus aionna speisialta as Conamara.

Dearbhaíonn an ceirnín go bhfuil ceol sa nGaeltacht, agus é beo, bríomhar. Tá éagsúlacht ar *Ó Chicago go Carrachán* – amhráin agus dán – a thugann na hoícheanta airneáin chun cuimhne. Seo saibhreas atá fós sa nGaeltacht, áit a dtéann seisiúin ceoil na Galltachta chun leadráin uaireanta de cheal éagsúlachta.

Sainiúlacht an cheoil ar an gceirnín seo, is sna polcanna atá sí. Tá cuisle na bpolcanna i gceoltóirí Chiarraí. Trí treaic polcannaí atá ann. Níl léiritheoir ar bith luaite sna nótaí: seans nach bhfágfaí an giotar ar threaic a 5 dá dtugtaí éisteacht neamhspleách air i ndiaidh báire.

Sílím go gcloisim cláirseach agus giotar ar *Ríl na Síóg*: an dteastaíonn an péire? Ar treaic a 11, ar an taobh eile den chlaí, tá idir rithim agus chomhcheol agus an ngiotar, agus is

r í m h a i t h
ann é.

Cineál CV
m ó i d e
litir atá
sna nótaí
scríofa ar *Ó
Chicago go
Carrachán*.
Maidir
leis
an

iarrthóir: "Is féidir leis luí isteach go breá socair stuama le haon ghrúpa ceoltóirí is cuma cén áit ina mbíonn siad i mbun ceoil."

Léiríonn na nótaí freisin an dul chun cinn déanta ag an gcine daonna, agus seacht gceird ar a thoil ag duine amháin áit nach mbíodh cheana i nduine ach múinteoir, sagart, innealtóir, feirmeoir, dochtúir, altra, cócaire, nó dála Yehudi Menuhin, ceoltóir: *Maidhc Dainín Ó Sé (musician, vocalist, poet, writer, lecturer, seanchaí, comedian and more besides) is as versatile an artist as you will find.*

SEACHRÁN SÍ

Cló Iar-Chonnachta
Antaine Ó Faracháin
Brian Ó Domhnaill
Pádraig Ó Cearbhaill
Éamon Ó Donnchadha

SEO CEIRNÍN a bhfuil ceathrar amhránaithe air, cúig amhrán déag, agus leabhrán a bhfuil an Ghaeilge ann, leagan Béarla, agus cur síos gairid ar na hamhráin.

Seans gur mírangabháil a bheadh ann ceirnín sean-nóis a thabhairt air seo. Tá an focal sean-nós – 'amhránaíocht ar an sean-nós' – in áit amháin ann; i nóta beathaisnéise Éamoin Uí Dhonnchadh. Sa Trá Bháin agus i Leitir Móir, Conamara, a chuir Éamonn spéis san amhránaíocht sin. 'Amhránaíocht na Gaeilge' atá i mbeathaisnéis Phádraig Uí Chearbhaill, 'na hamhráin áitiúla' faoi ainm Bhriain Uí Dhomhnaill, 'an amhránaíocht dhúchasach', Antaine Uí Fharacháin.

Seasca hocht nóiméad ar fhaid atá *Seachrán Sí*. Fad-dhlúthdhiosca. Is annamh a éistfead leis ó thúis deireadh, ach is

taifead luachmhar é don té a bheadh ar thóir amhráin faoi leith, *An Fhaoileann* (Pádraig), *Béal Átha na hAbhann* (Éamon), *Síciní Bhríd Éamoinn* (Antaine), nó *Cití Ní Eadhra* (Brian). Is an-áis múinteoireachta atá ina leithéid seo de phacáiste freisin.

Ó na Déise, go Leitir Móir go hAnagaire, sin é seachrán an cheirnín. Sin turas fada sa traein, agus is trí Bhaile Átha Cliath a théann traenacha na hÉireann. I mBaile Átha Cliath a chaith nó a chaitheann an ceathrar amhránaithe breátha seo cuid mhaith den saol, ach dá mbeadh córas ceart traenacha sa tír, seans nach thoir a bheidís ar chor ar bith, ach ar seachrán aduaidh aneas.



Is cinnte gur cheangal fóna idir Gaeltachtaí na tíre a bheadh i líne traenach ó Thrá Lí go Gaillimh go Sligeach go hAnagaire, go mórmór sna blianta atá caite nuair nach raibh bóithre móra ann, agus na carranna gann. Ní timbhóithrí cois Life ba cheart a thógáil le hairgead na hEorpa, ach línte traenach ar an sean-nós.

Ba dheacair gan trácht do Dr Zivago an cheirnín, *An Caisideach Bán*. Aon nóiméad déag tríocha naoi soicind atá sa treaic seo. Tá sé ag luí le réasún dar liom gurb é an líne seo a leanas deireadh an amhráin: "S go bhfoire Críost ar an gCaisideach bán". Is é atá ag deireadh an amhráin ag Seán 'ac Dhonncha (*An Spailpín Fánach*), agus ag Pádraig Saile Ó Catháin (*Grand Airs of Connemara*). Ach ar *Seachrán Sí*, tá ceithre cheathrú eile ina dhiaidh sin a bhaineann leis an aisling.

Ó Chicago
go
Carrachán
le Maidhc
Dainín Ó Sé

In the late 1950s Ireland voiced strong opposition to the Chinese invasion of Tibet. In recent years that stance has been compromised as Ireland joins the rush to develop trade links with China. But does opening up new markets mean turning a blind eye to genocide and the extermination of an ancient culture and language?

Sneachta Crua na Tibéide

Tuairisc Speisialta le DIARMUID JOHNSON

LE CEITHRE GHEIMHREADH anuas, tá síon agus sneachta ag cur as do mhuintir na Tibéide. Sneachta luath, sneachta mór, sneachta a choinnigh an t-earrach ó dhoras. Is aoirí agus lucht siúil go leor de na daoine: tá a gcuid eallaigh ag fáil bháis de cheal féir, is gan dídean acu féin. Faic níor chuala muid sna meáin faoi shneachta crua na Tibéide, ach is fial a roinneadh na pictiúirí orainn nuair a bhí abhainn an Yangtse ag cur thar maol sa tSín agus na mílte i mbaol a mbáite.

Cén fáth? Cuireann an tSín srian ar thrácht chun na Tibéide, agus tá cinsireacht i bhfeidhm ann.

Aiken Agus Ahern

IS MÓR an t-athrú atá ar Éirinn ó aimsir Frank Aiken go dtí aimsir Bhertie Ahern anall.

Sna blianta 1959, 1961 agus 1965 chuir Aiken, Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann ag an am, trí rún faoi bhráid na Náisiún Aontaithe in aghaidh ionradh na Síne agus ar son na Tibéide.

Thuig Aiken an chosúlacht idir Éire agus an Tibéid. Thuig sé an chosúlacht idir bánú na hÉireann aimsir an Ghorta Mhóir agus bánú na Tibéide lenár linn féin: na péindlithe, géarleanacht na cléire, Cill Chais agus Foraois Kham, foraois ollmhór a scrios na Sínigh (féach 'An tír ar dhíon an domhain' ar leathanach 21).

Bhí daonnacht, moráltacht agus prionsabal ag baint leis an trí rún a chuir Aiken faoi bhráid na Náisiún Aontaithe ar son na Tibéide.

Thréig Éire dearcadh Frank Aiken de réir a chéile ó shin. I 1973, agus Éire ag cur cóta na hEorpa uirthi féin, nasc sí ceangal taighleoireachta ar an tSín.

Trí bhithin an cheangail sin, tugann an tír seo aitheantas don 'People's Republic of China and its territories'. Tá an Tibéid agus Taiwan san áireamh sna 'territories' sin.

Bhí aird na hÉireann ar an tSín agus ar an Tibéid arís le deireanas le linn chuairt an Taoisigh Bertie Ahern chun na Síne.

I rith na cuairte sin, rinne an Taoiseach an tagairt chui don éagóir sa Tibéid. Agraíodh ar an tSín an



Coinbhinsiún um Chearta Daonna a shíniú. Moladh don tSín Comhaontú Bhéal Feirste a leanacht, cé gur beag cosúlacht idir Béal Feirste agus Lhasa, príomhchathair na tíre.

Is é fírinne an scéil gur misiún eacnamaíochta a bhí i gcuairt Ahern chun na Síne an fómhar seo caite. Déanfaidh muid ár gcuid earraí a easportáil chun na Síne más féidir linn, faoi mar a bhí an fheoil á heasportáil orainne agus dúchan ar na fataí.

Tá dhá scór bliain ó mhol Aiken a chéad rún ar son na Tibéide. I rith na mblianta sin, tháinig Éire nua chun cinn, agus is Éire gan scrupall í. Léiríonn an t-athrú seo ar ról na hÉireann sa saol idirnáisiúnta gur beag is fiú an neodracht a mbíonn muid ag maíomh as. Tá muid ag dul i mbun trádála leis an tSín, tír atá ag díothú na Tibéide mar gheall ar an úráiniam.

Cúis mhór leis an ionradh a rinne an tSín ar an Tibéid is ea straitéis mhíleata na Síne. Is sa Tibéid atá an tréid cuid de armlón na Síne lonnaithe faoi seo. Cuid thábhachtach de sin, is armlón niúclaíoch atá

ann. Agus an stór úráiniam atá faoi shléibhte na Tibéide, tá sé ar na stóir is saibhre ar domhan. Pota stóir an iarthair a bhaist na Síne air. "Ní ceart airm niúclaíocha a bheith sa Tibéid," a deir an Dalai Lama.

Clinton Ar Cuairt

TÁ TÍORTHACH an domhain ag baint na gcos dá chéile le teacht i dtír ar mhargadh na Síne, agus ní hé Bertie Ahern an t-aon cheannaire stáit a thug cuairt ar an tír sin le deireanas. Thug Bill Clinton cuairt ar an tSín anuraidh freisin.

B'in í an chéad chuairt oifigiúil a thug státaire Meiriceánach ar an tSín ó bhí marú Fhaiche Tianamen ann.

Tháinig chun follais anuraidh freisin go bhfuil déantúsaíocht agus soláthar earraí niúclaíocha ina nasc idir an tSín agus Meiriceá feasta. Agus cuireadh airgead Síneach i gciste toghchánaíochta na nDaonlathach i Meiriceá, de réir dealraimh.

Tá smachtbhannaí ar Chúba, agus smachtbhannaí ar an Iaráic. Ní fhéachfaidh Meiriceá le smachtbhannaí a chur ar an tSín.

Comhghéilleadh Á Thuar

TÁ NA Náisiúin Aontaithe ag iarraidh ar an tSín an Coinbhinsiún um Chearta Daonna a shíniú. Thug Máire Mhic Róibín cuairt ar an Tibéid an fómhar seo caite thar ceann na Náisiún Aontaithe agus í ag déanamh

cúraim de na cearta daonna.

De réir mar atá an domhan mór ag cur suime i margadh na Síne, tá aird á tabhairt ar chás na Tibéide, agus de réir mar is mian leis an tSín páirt a ghlacadh i saol mór na tráchtála, beidh uirthi géilleadh, athmhuintearas nó fuascailt a chur san áireamh.

AN DALAI LAMA

THEITH AN Dalai Lama ón Tibéid i 1951. Is eisean an ceannaire spioradálta is airde céim sa Tibéid, agus creidtear gurb é an Búdha ina steillebheatha é, agus go dtéann athionchollú air. Is ionchollú é ar an bhfórsa spioradálta atá gan *ego*.

An Dalai Lama atá anois ann, deirtear go ndeachaigh ceithre athionchollú déag air. Ní rachaidh an cúigiú athionchollú déag air. Tíocfaidh sé in athuair, ach ina chaor tine, nó ina chrann soilse. Tarlóidh sin sa mbliain 2012, de réir chuid den teagasc.

Bearna ceithre bliana a bhíonn ann idir bás an Dalai Lama agus an chéad athionchollú eile ar an bhfórsa spioradálta gan *ego*. Nuair a fhaigheann Dalai Lama bás, ní heol do dhuine ar bith cé hé an té a thíocfaidh i gcomharbacht air.



Beidh ar an Dalai Lama géilleadh a chur san áireamh freisin. Seans go nglacfaidh sé le forlámhas na Síne má ceadáítear saoirse creidimh don Tibéid.

Seo *via media* atá á chur san áireamh i láthair na huaire agus cruinniú á thuar idir é agus Jiang Zemin, uachtarán na Síne.


AN PANCHEM LAMA

I RITH na ceithre bliana a mbíonn comharba ar an Dalai Lama de dhíth, tugtar Panchem Lama ar an té a bhíonn ina cheannaire spioradálta ar mhuintir na Tibéide.

Is é grád an Panchem Lama an dara grád is údarásai i saol spioradálta na Tibéide. Is ionchollú ar fhórsa spioradálta atá sa Panchem Lama, ach oiread leis an Dalai Lama féin.

Gendun Choekyi Nyima is ainm dílis don té atá ina Panchem Lama i láthair na huaire. Is é Gendun Choekyi Nyima an cime is óige ar domhan. D'fhuadaigh na Síneigh é óna mhuintir i Lhari ar an 17 Bealtaine 1955. Se bliana d'aois a bhí sé. Níor faoi thas ó shin é.

Baineann fuadach seo Ghendun Choekyi Nyima le míchadh an chreidimh. D'fhuadaigh na Síneigh an Panchem Lama le héadóchas a chur ar mhuintir na Tibéide, agus len iad a fhágáil gan treoir. An té a bhí ina Panchem Lama roimh Ghendun Choekyi Nyima, cuireadh géibheann saoil air i 1959 é de bharr scríbhne da chuid, *The 70,000 Character Criticism of Mao*.



An tír ar dhíon an domhain

IS TÍR iargulta i gceartlar na hÁise atá sa Tibéid, i suite sna Himalayas, sna sléibhte is airde ar domhan. De bharr tír ollmhór na Síne a bheith teorannach léi, meastar uaireanta na bheith beag; ach bhí an Tibéid stairiúil chomh mór le hiarthar na hEorpa trí cheile.

I 1949, le linn Mao, chuir an tSin tus le hionradh na Tibéide gur ghlac seilbh ar mhíllíon míle cearnach. Deanadh cuid mhór den tír a nascadh go díreach le reigiún airithe de chuid na Síne. Tugadh 'Reigiún Féinrialaithe na Tibéide' ar an gcuid eile. Tá ocht n-oiread na hEireann sa gcuid sin.

Ocht milliún ba dhaonra don Tibéid roimh an ionradh; taobh na seachtoidí is 6.5 milliún a bhí ann, agus milliún go leith ar iar.

Bhí eir amach ann in ardehathair Lhasa i 1959 agus rinneadh sleacht ann. Scríosadh os cionn se mhíle de theampaill Bhuddacha na Tibéide. Cuireadh manaigh na tíre i ngeibheann. Theith ceannasaithe spioradálta na tíre, scéalta ualais acu, agus thug cail na Tibéide ar fud an domhain.

Rinneadh scríos ar an nadúr mar gheall ar chriochleathnú na Síne. I 1954, mar shampla, baineadh agus ban-aíodh Foraoiseacha Kham, ceantar a bhí tuil dhá oiread na hEireann ann.

MISSING PERSON

THE PANCHEM LAMA OF TIBET The World's Youngest Political Prisoner

Gendun Choekyi Nyima, aged 9 on 25th. April 1998.
Last seen on 17th. May 1995, at his home in Lhari, Tibet.

Kidnapped by the Chinese authorities when 6 years old.
Why? Because Tibetans, including the Dalai Lama, recognise him as the reincarnation of the previous Panchen Lama. His parents and the Abbot of his monastery were also kidnapped.

The Chinese authorities, who oppose all religions, have imposed their own "puppet Panchen Lama" (Gyatzen Norbu) in a cynical attempt to gain control of the Tibetan Buddhist leadership.

PLEASE CALL the DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS at: 01-4780822 ext. 2174, and ask what the Irish Government is doing, together with other EU Member Governments, about demanding and obtaining Gendun Nyima's freedom.

PLEASE CALL the CHINESE EMBASSY at: 01-2881707 or 01-2696756, and ask where Gendun Choekyi Nyima, the true Panchen Lama, is, whether he and his parents are alive and well, and why the Chinese Government continues to refuse the requests of other Governments and international organisations to see him. (The Abbot and 30 other Tibetans have been imprisoned for up to 9 years for their support of Gendun Choekyi Nyima.)

**PLEASE MAKE THESE CALLS NOW
YOU MAY SAVE HIS LIFE**

Continuing our series on Connemara placenames, Tim Robinson visits Teach an Phiarsaigh

Camchuart Chonamara

Leagan Gaeilge le MAOLRA MAC DONNCHA

TIM ROBINSON



TEACH AN PHIARSAIGH, ROS MUC

pic: Balar

IN ALT NA MÍOSA SEO CAITE luaigh mé Teach an Phiarsaigh ar an Turlach gar do Ros Muc. Luaigh mé gur mhinic leis logainmneacha an cheantair a úsáid ina chuid gearrscéalta. Mar a deir Colm Ó Gaora agus é ag scríobh *Mise*, "Níl troigh de Ros Muc nach bhfuil fite fuaite le scríbhinní an Phiarsaigh." Gan amhras, is foinse shaibhir íomhánna agus mheafar a bhí sa dúiche don Phiarsach.

Sampla simplí de seo atá sa droichead atá thart ar cheithre mhíle soir an bóthar as Ros Muc. Tugann roinnt de mhuintir na háite *Droichead na Claise Duibhe* air, ach is *Droichead na Glaise Duibhe* a thugann roinnt eile air.

Déarfainn féin gur cosúla le clais nó díog é ná le glas, nó sruthán. Ach

tá brí eile i gceist ag Mac Piarais leis sa scéal *An Bhean Chaointe*, scéal faoi bhean atá ag fanacht go huaigheach agus go himníoch lena mac nach bhfillfidh go brách, é curtha chun báis ag na Sasanaigh tar éis dó páirt a ghlacadh i ndúnmharú bithiúnach de thiarna talún.

Tá cur síos an-chruinn ag an bPiarsach ar an áit a bhfuil teaichín na mná suite; tá sé dhá chéad slat siar ó Dhroichead na Glaise Duibhe, ar thaobh na láirne deise agus tú ag gabháil as Ros Muc go Scríb.

Is meafar don uaigheas agus don mhearbhall a dhealaíonn an bhean chaointe ón gcuide eile den phobal atá sa nglaise dubh duairc seo.

Tá an scéal *Na Bóithre* breac le logainmneacha. Aisteach go leor, luaitear 'chuile bhaile agus baile fearainn sa gceantar, seachas Ros

Muc féin, bíodh is gur *Ros na gCaorach* a thug an Piarsach i gcónaí ar an áit.

B'fhéidir gur shíl sé go mbeadh caoirigh, seachas muca, níos fileata agus níos feiliúnaí don íomhá idéalach a bhí aige de Chonamara.

Nó b'fhéidir gur ghoill sé ar an údar do ndeineadh uaisle Shasana ceap magaidh den 'Éireannach agus a mhuc'. Pé scéal é, ní dóigh ceangal ar bith a bheith ag an ainmhlí le hainm na háite: is ó na cnocáin bheaga mhaola a shíolraigh an t-ainm.

B'fhearr liom cuntas gairid a thabhairt ar *Na Bóithre* sula ndéanaim iniúchadh ar an scéal. Is ar an Turlach Beag atá cónaí ar phríomhcharachtar an scéil, sin í Nóra. Is baile beag bídeach é Turlach Beag i lár leathinis Ros Muc; bóthar amháin ag gabháil soir go Ros Muc

féin, bóthar ag gabháil siar ó dheas go Gairfeann, agus bóthar ag gabháil ó thuaidh thar reilig Chill Eoghain, chomh fada leis an Turlach agus leis an bpríomhbhóthar ó Ghaillimh go Carna. Siombal iad na bóithre seo uilig amach as an Turlach Beag den rogha atá againn ar fad sa saol.

Ach tá Mac Piarais thar a bheith caolaigeannta faoin rogha a bhrúnn sé ar a chuid carachtar, agus cá bhfios nach ar an méid a bhí amach roimhe féin is mó a bhí a aird?

Tosaíonn an scéal le fleá agus féasta a chaith cuarteoir as Baile Átha Cliath i Scoil an Turlaigh Bhig. Tá Nóra sáinnithe sa mbaile, ag tabhairt aire don pháiste, fad is a bhaineann a muintir agus a deartháir sult as an spraoi sa scoil.

Ach ní ghlacann an cailín óg leis seo; bearrann sí a cuid gruaige sa chaoi gur cosúil le buachaill í agus buaileann sí bóthar.

Téann sí i bhfolach ar fhaitíos go bhfeicfeadh aon duine a bhí ag fágáil na scoile í, agus ansin tugann sí a haghaidh ar an mbóthar ó thuaidh.

Siúlann sí go sciobthaí thar an reilig lán le síogaí ag déanamh ar an

bpríomhbhóthar agus ar an saol mór. Ach faoin am a sroicheann sí 'Eileabhrach' tá sí traochta agus scanraithe.

Téann sí isteach sa gcoill, titeann as a seasamh, agus is ann a fhaigheann muid cur síos an Phiarsaigh ar a haisling faoi pháis Chríost sa nGáirdín agus Turas na Croise. Fanann an mearbhall ar feadh míosa uirthi agus nuair a thagann sí chuici féin lorgaíonn sí a leanbh, agus geallann sí nach bhfágfaidh sí a muintir go deo arís.

Níl aon dabht faoi mheon an údair: fan sa mbaile, a chailín, agus bí id' mháthair, is leis an bhfear saoirse agus éiginnteacht an bhóthair.

Ach tá ciall eile leis an scéal seachas an bholscaireacht fhrith-fheimineach seo, má chuirtear an eachtra a spreag an scéal agus tíreolaíocht Ros Muc san áireamh.

Tá cuntas ag Ó Gaora i *Mise* chomh maith, faoi oíche cheoil, filíochta agus rince a d'eagraigh Mac Piarais i Scoil an Turlaigh Bhig i 1906. Is iad na

hoícheanta scléipe Gallda a d'eagraíodh an Tiarna Dudley i dTeach Mór Inbhir a spreag an Piarasach agus is é a bhí sásta nuair a d'éirigh chomh maith le 'Oíche na nGael' sa scoil.

Is ar an ócáid seo a bhunaigh sé an scéal *Na Bóithre*, scéal a chríochnaigh sé i samhraidh 1915 agus a foilsíodh cúpla mí roimh an Éirí Amach agus a bhás féin. Is é Mac Piarais féin, mar sin, 'Fear Bhaile Átha Cliath' an scéil.

Sa dara háit, cé nach mbainfeadh a chuid léitheoirí mórán céille as an logainm 'Eileabhrach', sin é ainm na coille ó dheas den loch os comhair Theach an Phiarsaigh.

Téann an bóthar amach as Ros Muc thar an gcoill le ciumhais thoir an locha, ach tá Teach an Phiarsaigh ar an taobh thiar den loch, an taobh iargúlta.

Mar sin, b'fhéidir gurb é an Piarasach féin, ar a bhealach abhaile ón oíche chultúir sa scoil, a chonaic Nóra i gCoill Eileabhrach. Meastú an macalla í aisling Nóra d'íobairt Chásca Mhic Phiaraís? An é Eileabhrach Gáirdín Gheitsiminé an Phiarsaigh?



Muintearas

Scéim Fhoghraíochta do Bhunscoileanna

Sralth cheithre leabhrán (Céim 1 agus Céim 2)

Cairteanna agus spriocphictiúir

Más mian leat breis eolais a fháil i dtaobh an phacáiste seo,
líon isteach an fhoirm agus seol ar ais chugainn í.







Ainm

Scoil

Seoladh

Fón

Muintearas, Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe. Teil: 091-551145/551412 Facs: 091-551277

Ríomhphost: muintearas@iol.ie Leathanach baile: <http://homepages.iol.ie/~muintear>

COMÓRTAS

Céard is ciall le: teaspach an dá scór?

- 1 central heating with twin-thermostats
- 2 mid-life crisis
- 3 a field full of grasshoppers.

Síntiús bliana in aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata, nó ceann do chara leat má tá síntiús agat cheana féin. Seol do chuid freagraí chuig Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe nó cuir ar an ríomhphost iad chuig cuisle@tinet.ie roimh 15 Eanáir.

Bíonn adharca fada ar na ba thar lear

Buaiteoirí an Chomórtais

Céard is ciall le: eileachas?

COMHGHAIRDEACHAS le Séamas Ó Cualáin, An Spidéal, Co na Gaillimhe, a bhuaigh comórtas na míosa seo caite. *Alternative thinking* an freagra a bhí á lorg againn. Tá síntiús bliana ar a bhealach chuige.

Tá muid buíoch dár léitheoirí uile a chuir iarratais isteach ar an gcomórtas. Ba é freagra Shéamais an chéad cheann a piocadh aníos as hata.

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilsíonn Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gcaisfadh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an ceathrú sliocht.

TORFINN le Clíodhna Cussen
Coiscéim 1988

AN TRÁTHNÓNA úd, i lár Mheán Fómhair, chuir sé iontas orm nuair a chonaic mé na seacht longa mhóra dhórcha ag seoladh aníos an Life ar an taoide thuile. Ní gnáth 'cnarr' trádála a bhí iontu ach sith-longa, fiche maide rámha ar gach taobh, iad ard, dubh, maorga, na seolta leathna orthu ag líonadh bun na spéire. Bhí an tráthnóna ciúin, daoine imithe abhaile i dtreo béile, agus an ghrian íseal sa spéir.

Bhuail sceon mé ag féachaint orthu, seansceon a bhí i gcúl m'aigne, a bhain le scéalta a d'inis mo mháthair dúinn fadó, faoin gcreachadh a dhein na Lochlannaigh i bhfad roimh Cath Chluain Tarbh.

Chuas i bhfolach faoi sceach mhór aitinne, mo chroí ag preabadh i mo scornach. Tháinig na longa i dtír taobh leis an Stein. Tharraing siad suas ar an ngaineamh, ligeadar síos na seolta donna agus cuireadh amach ancairí. Ba longa móra iad ar imeall na trá. As gach long acu tháinig suas le fiche fear armtha.

Fear rua, téagartha a bhí ina mbun, é ag glaoch ordaithe orthu i Lochlannais. Bhí a fhios agam óna gcaint nach ó Mhanainn a tháinig siad, Gaeilge a labhair lucht Mhanann i gcónaí.

Ó Inis Oirc a shíleas ansin óna gcanúint. Is minic a tháinig báid ó Inis Oirc chugainn sa samhradh ag trádáil. Ach fir armtha a bhí iontu siúd, iad ag ullmhú sleánna agus ag socrú sciatha díreach romham. Ní raibh tada a d'fhéad-fainn a dhéanamh, ach guí nach dtabharfaidís faoi deara mé.

Mháirseáil siad i dtreo na cathrach, iad go léir ag dul tharam ina mbuion bréan, gasta, glórach, claimhte réidh acu is iad ag rith ina slua eagraithe suas ón trá.

Bhí an tráthnóna ag dul in éag, uair an chloig fágtha roimh dul faoi na gréine. Bhí a fhios agam go maith go mbeadh an geata oscailte fós agus Tassach, fear an gheata, ag ligint a scíthe istigh i dTúr an Dáma.

Ní raibh aon tslí go bhféadfainn rabhadh a thabhairt dó. Bhíos greamaithe go talamh le sceon, mo chroí ag bodhradh mo chluas, mo scornach tirim.

taoide thuile - taoille tuile, flood-tide
sith-longa - longships
maide rámha - oar
maorga - majestic
leathna - leathan, wide
sceon - faitíos mór
cúl m'aigne - the back of my mind
creachadh - plundering
Lochlannaigh - Vikings
i bhfolach - hidden
aitinn - gorse
ancairí - anchors
imeall - edge
armtha - armed
téagartha - well-built

Lochlannais - a Scandinavian language
Manainn - Isle of Man
Inis Oirc - the Orkneys
canúint - dialect, accent
sleánna - spears
sciatha - shields
buion - band
bréan - salach
gasta - tupaigh
claimhte (claidheamh) - swords
in éag - i laige, fading
rabhadh - fógra
greamaithe - stuck, transfixed.



Carr na Cainte

1 SAMHLAIGH SEO: carr a déarfais leat casadh ar dheis ag na soilse. Carr a lorgós uimhir foinn do dheifire i mBoston is a dhéantas an uimhir duit ar do charrfón. Carr a aithfós an raidió ó *De Bharúil* go dtí *Pat Kenny* nó Raidió Chiarraí de réir mar a bhuaileann an fonn thú. Fantasaíocht a *la* Power Rangers? Ní hea, ach pacáiste bogearraí a bheas ar díol an bhliain seo chugainn.


2 Tá raidió digiteach agus seinnteoir dlúthdhiosca istigh leis an bpacáiste Auto PC. Oibríonn sé ar Microsoft Windows CE 2.0 (leagan simplithe de Windows 95) agus riarann sé córas eolais agus siamsaíochta don charr.

3 Beidh sé ar an margadh sna Stáit Aontaithe, agus \$1,000 an praghas a moltar. Meastar go mbeidh sé níos costasaí san Eoraip go dtí go dtéann daoine i dtailthí air. Agus ná ceap gur fadhb a

leictreonach sin a chloiseann tú ar ghléasanna guthphoist. Tá roinnt teangacha eile ar a chumas aige chomh maith, ach ní bheidh Gaeilge aige, muna gcuireann an rialtas brú ar lucht a dhéanta.

4 Beidh tú in ann éisteacht le do ríomhphost, teachtaireachtaí a sheoladh amach, tuairisci tráchta a chuartú nó do chuid siopadóireachta a dhéanamh ar an Idirlíon - é sin agus éisteacht leis an CD is deise leat agus tú ag gluaiseacht síos an N17.

5 Má théann tú amú, réiteoidh an córas loingscoireachta do chuid fadhbanna duit. Feicfidh tú léarscáil bheag ar an scáileán agus



'Hic!'

bheas sa gclóscríobh agus tú ag scuabadh síos an bóthar mór. Tuigeann an carr cliste seo orduithe béil agus freagróidh sé thú sa Bhéarla

inseoidh an ríomhaire duit cén bóthar ba cheart duit a leanacht. Anois, dá bhféadfadh sé radar na ngardaí a aimsiú chomh maith.

1 **samhlaigh** - imagine; **a lorgós** - which will search for; **an fonn** - fancy, inclination; **fantasaíocht** - fantasy; **pacáiste bogearraí** - a software package.

2 **digiteach** - digital; **seinnteoir dlúthdhiosca** - CD player; **leagan simplithe** - a simplified version; **riarann** - controls;

siamsaíocht - entertainment.

3 **i dtailthí** - accustomed; **clóscríobh** - typing; **ag scuabadh** - speeding; **gléasanna guthphoist** - voicemail devices; **ar a chumas** - has command of; **lucht a dhéanta** - its manufactures.

4 **ríomhphost** - e-mail;

teachtaireachtaí - messages; **a sheoladh** - to send; **tuairisci tráchta** - traffic reports; **is deise leat** - your favorite.

5 **córas loingscoireachta** - navigation system; **léarscáil** - map; **aimsiú** - locate.

Leagan Cainte

Bhí mé a' damhsa aréir



Liam Mac Con Iomaire

IS MINIC a thagann an focal scríofa, nuair a chloíonn an léitheoir ródhlúth leis, salach ar an bhfocal labhartha nó ar an gcaint. Is é fuaimniú an g sa bhfocal ag roimh chonsan an sampla is coitianta de seo.

Má chloisimse 'Bhí mé ag cruinniú aréir' glacaim leis go raibh an cainteoir i láthair ag cruinniú aréir. Má chloisimse **Bhí mé a' cruinniú aréir** glacaim leis go raibh an cainteoir **a' cruinniú airgid** nó rud éigin mar sin aréir.

B'fhéidir gur **a' cruinniú airgid** ag cruinniú den chumann áitiúil a bhí an cainteoir. Tá an g fágtha amach agamsa agus uaschamóg curtha ina áit sna samplaí thuas nuair is é an t-ainmbhriathar atá i gceist.

Ach nuair a fhágtar istigh an g, mar a dhéantar go coitianta sa scríobh, baineann sé truisle as an léitheoir go minic; chloisfeá **'Bhí mé ag damhsa'** nuair is **'Bhí mé a' damhsa'** a bhíonn i gceist.

Is minic a bhí duine ag **damhsa** (i láthair ag damhsa) ach nach raibh sé nó sí **a' damhsa**. Le linn dúinn a bheith a' plé na ceiste seo ar cheann de na chéad chlár *Leagan Cainte* a craoladh ar Raidió na Gaeltachta, dúirt an craoltóir lánaimseartha Seosamh Ó Cuaille:

"Bíonn deacracht go minic ag daoine a bhíos ag craoltóireacht a thuiscint gur *caint* atá i raidió agus nach bhfuil tábhacht ar bith leis an rud atá scríofa ar bhealach amháin. Agus má thugann tú faoi deara, go minic, na daoine is lú a thugann aird ar nótaí agus atá ina gcainteoirí maithe – tá roinnt acu againn i Raidió na Gaeltachta – is siad is fearr a n-éiríonn leo go minic. Ach chomh luath is a thosaíonn tú ag brath an iomarca ar an rud atá amach ar d'aghaidh agus a' léamh ó fhocal go focal, titfidh tú i bpeaca mar seo."

Tá an **bhéim** tábhachtach freisin agus tá drochnós ag daoine aithris a dhéanamh ar an mBéarla. Chloisfeá daoine ag cur béime ar **seo**, **sin** agus **siúd**, rud atá an-mhínádúrtha ar fad. I mBéarla deirtear **'this man'** agus **'that man'**, ach is é nádúr na Gaeilge an bhéim a chur ar an ainmfhocal: **'an fear seo'**; **'an contae sin'**; **'an bhean siúd'** etc.

Drochnós eile atá a' teacht isteach ón mBéarla is ea an bhéim a chur ar an aidiacht shealbhach.

TÁ **'my coat'**, **'your coat'** nádúrtha i mBéarla ach níl sé nádúrtha an bhéim a chur ar **'mo'** agus **'do'** i nGaeilge. Is é nádúr na Gaeilge an bhéim a chur ar an ainmfhocal agus **'sa'** nó **'se'** a chur leis: **'Sin é mo chótasa'**; **'Sin é do chótasa'**; **'Sin í do mháthairse'**; **'sin í do shúilse'**.

Tá an tuiséal ginideach iolra ag athrú i ngnáthchaint na ndaoine sa nGaeltacht, go háirithe nuair a bhíonn aidiacht i gceist. Cé gur **'Cruinniú na mBád'** a chloisfeá fós, is **'Amhrán na mBáid Mhóra'** agus **'Amhrán na bhFir Mhóra'** is minicí a chloisfeá, cé go bhfuil ainmneacha mar **'Loch na mBreac Geal'** agus **'Bád na nGort nDubh'** fanta i mbéal na ndaoine freisin.

Mar a dúirt an Dr. Dónall Ó Baoill: "Ní hé go bhfuil an tuiséal ginideach ag imeacht ach tá sé ag athrú agus tá cuma eile air anois agus is dóigh liom gurb é sin an cineál Gaeilge a bheas ann go ceann i bhfad."

In éineacht le Liam Mac Con Iomaire ar an gclár Leagan Cainte ar Raidió na Gaeltachta, bíonn Eibhlín Ní Mhaurcha Seosamh Ó Cuaille agus an Dr. Dónall Ó Baoill. Bíonn siad le cloisteall ar an Aoiné ar 3.30 p.m. Craolann an clár in éineacht an Domhnach dar gcionn ar a 10 ar maidin.

SEO THÍOS mar a thrácht an t-iriseoir agus staraí Nollaig Ó Gadhra ar an gclár *Leagan Cainte* in alt dá chuid san iris *An tUltach*: "Na bac an seanchas agus na mionphointí canúna – sin gnó do chlár eile. Cén Gaeilge a bheas agaibh ar *cross-community consensus* agus fiche rud eile a thiocfaidh i gceist láithreach maidir leis an socrú nua ó thuaidh?"

"Ní léir dom aon fheabhas bheith ag teacht ar an spéal ar raidió nó

teilifís, ach gur léir go bhfuilimid ag sleamhnú i dtreo an Bhéarlachais, gan gá, i gcónaí.

"Roinnt samplaí. Ní gá rud a 'lainscáil'. Tá sé chomh nádúrtha céanna leabhar a sheoladh le bád, dar liom, ach mórmheáin na Gaeilge bheith sásta an síneadh céille sin a chur i bhfeidhm go nádúrtha. Feicim 'eifeacht' ag teacht isteach sa fluacht san áit ina mbíodh 'tionchar' niamh

LEAGAN CÁINTE

"Agus tá rudai a 'n-ófráil' san áit ina mbidís á dtaisceint roinnte seo. Ní thuigim fós an 'cúilín' nó 'pointe' a scóráilann lucht CLG. Na n-oir shocráigh RuaG cloi le 'éistimis' in áit 'éistimid' nó 'éisteoidimid' fiú."

Lean Ó Gadhra leis. "Tá an meascán idir an áit 'ina bhfuil' agus 'ina tá' ag dul in olcas. Agus, tá 'lámar' chomh coitianta le 'bhíomar' anois, gan aon taca ná

tuairisc ar 'bhi muid' bocht

"Tá an meascán idir 'dhá chadún' agus 'bein chadún' srl maithe chomh donas ar fad agaibh, go háirithe i dtír Chonait, nuair nach bhfuil aon dhúna bairtá is baolach faom naid shampla a bhí againn go léir ar scoil."

"Tá an gceol ag éirí 'níos donas' i gContanara freisin. Fíú má tá sin sa chianúist, glúthaí go bhfeicfá an méid san a ghealladh ar a bheith ar an nGaeltacht ná bheith le lucht na hEanáir."

Na Cácaí Gaeilge

I S IOMAÍ snámh crua a rinne clanna Gael in aghaidh easa le céad is go deimhin le míle bliain anuas, ach ag druidim le deir-eadh na mílaoise dúinn ní slán scéal gan trácht ar na cácaí Gaeilge.

Is cuid den stair atá sna cácaí Gaeilge anois, ach ní heol dom gur tugadh faisnéis mhaith uirthi mar stair fós. Seo mar a tharla . . .


Fógra Tigh Foyle ba thús don rud ar fad: 'Tiománaithe leoraí ag Teastáil - 55304'. Ghlaoigh mé féin ar an uimhir. Ní hé go raibh mé cáilithe, ach bhí fonn orm dul go domhain sa scéal. Ní raibh sa tiomáint ach cuid den scéal, mar ba léir gan mhoill.

Gléas aduain darb ainm an Cloigín Béarla an chéad rud ar tráchtadh air ag an agallamh. Is gléas é seo atá bunaithe ar na minicíochtaí agus na tonnfhaid a bhíonn ag teangacha. Tháinig sé chun cinn le linn taighde idirnáisiúnta faoin dátheangachas.

Seo mar a d'oibrigh sé: rachadh beirt isteach i dteach nó in oifig leis an ngléas. Más Béarla a bhí á labhairt ann, thósódh an cloigín ag bualadh. Meitheal fear ag feitheamh sa leoraí, agus nuair a chluinfidís an cloigín ag bualadh, léimidís amach agus

Chuir an campa géibhinn feabhas ar sheanmhodh oibre na gColáistí Gaeilge. Cosc ar Bhéarla a bhí i bhfeidhm iontu siúd. Tugadh sin céim eile chun cinn: cosc ar chaint, b'in í riail an champa.

Diaidh ar ndiaidh, thuig feidhmeannaigh teangan an champa nárbh ionann tuiscint teangan agus a labhairt, agus tar éis mórchuid díospóireachta, cruinniú mullaigh,



seimineár, agus siompósiam lae ag Scoil An Fhir Mheidhrigh, glacadh d'aonghuth leis

"Is i gcampa géibhinn idir An Caisleán Riabhach agus Áth Luain a coinnítí na Béarlóirí. Tréimhse sé mhí istigh an gnáthrud an chéad uair a bhéarfaí orthu."

d'fhuadódís muintir an tí.

Is i gcampa géibhinn idir An Caisleán Riabhach agus Áth Luain a coinnítí na Béarlóirí. Tréimhse sé mhí istigh an gnáthrud an chéad uair a bhéarfaí orthu. Cé go raibh saol an phríosúin réasúnta dian, ní raibh easpa nó ocras orthu ann, faoi mar a mhaígh cuid de na teifigh atá ina gcónaí thar lear ó shin.

an rún nach binn tost.

Sin í an uair a tháinig na cácaí Gaeilge ar an saol. Is iomaí sin triail a deineadh sular tháinig toradh fóna ar na cácaí. Stad cainte a chuir na chéad chácaí ar lán an chéad leoraí Béarlóirí. Rud ba mheasa, leathGhaeilge a thosaigh tuilleadh díobh a labhairt, cé nach gcreidtear sin feasta.



Lean an ghnáthdhíospóireacht faoi chaighdeán agus chanúint, ach is gearr go raibh déanamh na gcácaí ar fheabhas. 'Long-awaited Revival at Hand', 'Miracle Cakes': bhí an scéal i bpáipéirí na tíre.

A CH céard a tharla do na cácaí Gaeilge? Chuaigh a gcuid draíochta ó mhaith gan súil gan choinne an uair ab fhearr iad. Bhí talamh slán déanta de bhuanú is de shealbhú na teangan. Ach go tobann thit an tóin as na sáspain. Chlis.

Is éard a dúradh ina dhiaidh sin go ndeachaigh ortha na séire amú. Bhí ortha na séire ag bean i nGaeltacht Mhuigh Eo. Ach tógadh tithe saoire ann, is rinneadh díchoisreacan ar gharraí na síóg.

Rinneadh gach iarracht an scéal a chur ina cheart: cúrsaí oiliúna, fordheontaisí, agus corr-racht ghan-gaideach sna meáin, ach is obair in aise a bhí ann.

Beidh iomrá go brách ar na cácaí Gaeilge, agus tá daoine ann a chreideann go bhfaighfidh muid ortha na séire ó na daoine beaga amach anseo arís. B'fhéidir.

Is maígh a thréigfeadh a dhóchas, ach an té atá ag fanacht ar na cácaí Gaeilge, is baolach gurbh é an t-ocras an t-anlann a bheas orthu.

An mbeidh feabhas ar fhoireann

An ghairmiúlacht ina cnámh spairne sna clubanna

Mac Dara Mac Donncha

NACH MÓR an t-athrú atá ar chúrsaí rugbaí in Éirinn le blianta beaga anuas. Is cluiche gairmiúil anois é. Ach an oiread leis an sacar, tá go leor de na himreoirí is fearr sa tír ag imirt le clubanna thall i Sasana, cé go bhfilleann cuid díobh ar a bhfód dúchais.

Tá Corn an Domhain ann anois, comórtas a imrítear uair sna ceithre bliana, agus tá Sraith Uile-Éireann ann le cúpla bliain anuas chomh maith. Tá athrú eile ar shaol an rugbaí: is é Warren Gatland an tríú traenálaí a tugadh isteach ón iasacht.

Ar ndóigh, tá rud amháin nár athraigh mórán – an uair is lú a bhíonn súil le dea-thoradh agus taisce sin

bhfoireann náisiúnta is ea is túisce a dhéanann siad an beart.

Is cnámh spairne í ceist na gairmiúlachta. Is in aghaidh thoil na n-oifigeach sa tír seo, agus sa mBreatain chomh maith, a rinneadh an cinneadh cúpla bliain ó shin na himreoirí a íoc. Ar ndóigh, ní raibh aon dul as mar bhí na tíortha móra sa domhan theas á dhéanamh le cúpla bliain go neamhoifigiúil, agus bhí an bhearna idir an Astráil, an Afraic Theas, an NuaShéalainn agus tíortha eile an domhain ag méadú.

Rinneadh cluiche gairmiúil de chluiche amaitéarach go han-tobann, agus sin é an áit ar deineadh an botún ba mhó. D'éalaigh scoth imreoirí na tíre seo chuig na clubanna móra i Sasana, agus páigh mhaith á saothrú acu. Thóg sé dhá bhliain ar an IRFU cuid díobh a mhealladh ar ais ar chonarthaí sásúla.

Go deimhin, ní raibh chuile rud chomh hiontach thall is a ceapadh.

IS GLAS iad na cnoic i bhfad uainn, ach d'fhill leithéidí Victor Costello agus Eddie Halvey ar a dtír dúchais, agus cinnte i gcás Costello, is fearr an t-imreoir é dá bharr. Cé go mbíonn éileamh damanta ar thicéid nuair a bhíonn cluiche ag Éirinn i bPáirc Lansdúin, ní bhíonn mórán de lucht féachana ag cluichí club sa tír, seachas i gcathair Luimnín.

Féach an club Buccaneers mar shampla, club a bunaíodh nuair a nascadh Béal Átha na Slua le hÁth Luain. Cosnóidh sé suas le £200,000 an club sin a riaradh i mbliana, agus ní bhíonn ach thart ar 400 de lucht féachana rialta ag a gcuid cluichí baile. Gheobhaidh siad deontas ón IRFU, ach tá deacrachtaí móra airgid acu. Is pobal beag é pobal rugbaí na hÉireann, agus níl sna Buccaneers ach sampla amháin.

Devine na mBuccaneers

pic: Mike Shaughnessy

rugbaí na hÉireann i mbliana?

Nach leis an CLG atá an t-ádh ós léir dóibh deacrachtaí seo an IRFU. Níor mhór do Pat Spillane cuimhneamh air seo an chéad uair eile a luafaidh sé íocaíocht do na himreoirí.

Maidir le Sraith Uile-Éireann, ó tosaíodh an comórtas, tá club nó dhó i gcathair Luimní atá chun cinn ar na clubanna eile. Is comórtas maith é mar sin féin, agus ar a laghad i mbliana, imreofar é ó thús go deireadh, agus ní bheidh an briseadh i lár an chomórtais a bhí ann roimhe seo.

Tá an tSionainn ar thóir an chúigiú craobh i ndiaidh a chéile, agus beidh sé deacair iad a shárú. Is mór an feall nach bhfuil imreoirí uilig na hÉireann ag imirt sa tSraith,

ach sin é saol an airgid.

CÉARD faoi fhoireann na tíre seo i 1999, bliain a thosóidh leis na Sé Náisiún — fáilte roimh na hIodálaigh — agus a chríochnóidh le Corn an Domhain sa taobh seo den domhan. Ó thús an tséasúir, tá trí chluiche imeartha ag Éirinn. Bhuaigh siad ar Georgia, foireann a bhí thar a bheith lag, agus bhuaill siad an Rómáin, cé nach gan dua é.

Ar aghaidh leo ansin in aghaidh na hAfraice Theas, agus bhí ceann eile de na buanna mar ó dhia sin againn. Faoin am seo, b'fhearr i bhfad an bua ceart ná an bua mar ó

dhia. Céin mhaith a rá go raibh muid fíorghar do churaidh an domhain? I ndeireadh na dála, níor bhuaill muid iad, agus sin é bun agus barr an scéil.

Tá tosaithe na hÉireann chomh maith lena bhfuil ann. Faraor géar, níl na fir cúil! Bhí iarrachtaí ionsaithe na hÉireann leamh, mall, agus neamhthorthúil go dtí seo an séasúr seo, agus caolsheans go mbeidh feabhas ar an gcuid sin den imirt.

Is contúirteach an rud tuar a dhéanamh, ach b'fhéidir go mbeidh dhá bhua againn i dtús na bliana, ar Albain agus ar an mBreatain Bhig, bua mar ó dhia in aghaidh na Fraince, agus bualfaidh Sasana agus an Iodáil muid.

Maidir le Corn an Domhain, is fada uainn fós é sin!



WARREN GATLAND: an triú traenálaí a tugadh isteach ón iasacht

ph: Mike Shaughnessy



Tóg do chlann le Gaeilge

AN TÉ ATÁ ag iarraidh a chlann a thógáil le Gaeilge, braitheann toradh a chuid iarrachtaí ar an duine a thugann aire don ál.

Agus faoi mar atá an saol, is minic a fhágtar páiste faoi chúram *babysitter*, sula mbíonn sé sé mhí d'aois. Téann Mam ar ais ag obair, agus ní fheicfidh sí a leanbh bán go tráthnóna. Bíonn an cliabhán folamh sa mbaile.

An bhfuil tusa sásta leis an *mbabysitter* atá agat? Cén teanga a labhraíonn sí sa teach? Cén teanga atá ag na páistí eile sa mbaile?

An mbíonn raidió nó teilifís ar siúl cuid den am, nó b'fhéidir gan stad, agus má bhíonn, cén teanga atá do pháistín a thógáil uaidh?

Is gá na ceisteanna seo a chur más mian leat go mbeidh Gaeilge ag do chlann féin. Muna bhfuil teanga ar a thoil ag an bpáiste agus é ceithre bliana d'aois, is teanga iasachtach a bheas ann dó.

Gaeilge ón gcliabhán a deirtear faoin nGaeilge ó dhúchas, agus is maith an leagan cainte é. Tugann sé le fios gur i dtús a shaoil a thugann duine teanga leis, agus gur óna mhuintir a fhoghlaimíonn sé a chuid cainte. Tá an dá rud sin fíor.

Más mian leat Gaeilge a bheith ag do pháiste, b'fhéidir go mbeidh ort cúrsaí clainne a chur in uachtar ar chúrsaí oibre ar feadh tamaill.

Ar féidir leat bliain saoire a thógáil, an bhliain sin a chaitheamh sa mbaile, agus deis a thabhairt do do pháiste a chuid cainte a fhoghlaim uait féin?

Bí cinnte de rud amháin. Ní bheidh an dara seans agat. Agus ní rud é foghlaim teangan is féidir a chur ar an méar fhada.

Naíonraí Gaelacha

MÁ THÓGANN tú saoire ghairme, beidh ort filleadh ar an obair luath nó mall. Agus faoin am sin, beidh an duine beag réidh le dul chuig an naíonra.

Ach oiread le clós na scoile, is Béarla is mó atá na páistí a labhairt le chéile sna naíonraí Gaeltachta. Labhraítear Gaeilge leo, agus go coinsiasach, ach is snámh in aghaidh easa atá ann.

Cén neart atá air seo? Ar gá naíonraí Gaelacha a bhunú sa nGaeltacht? An bhfuil suim agat féin a leithéid a dhéanamh?

How can your child become an Irish-speaker?

FROM THE TIME of birth, and perhaps before, your baby begins absorbing the language you speak to it. He or she becomes aware of intonation, and how different emotions influence the pitch of your voice.

Gradually, baby recognises the individual sounds of language, and quite soon is isolating and repeating them, and finding the correct point of articulation.

In most cases, by the time the toddler has reached school-going age, language acquisition is complete.

Your child is naturally pre-occupied with the task of learning a language until the age of four or five. During these early years, the brain is at its most receptive to language.

Your child can learn any language during this time, given the correct environment. After this time, other needs become paramount, and the pace of language acquisition slows abruptly.

Environment the key. Language is learnt in the home, not elsewhere. Maybe you and your partner don't feel confident enough to get through the day conversing in Irish, but don't hesitate to speak Irish with your child.

All those years in school have given you an extensive vocabulary, even if it is buried and even if you are not consciously aware of how much Irish you have acquired.

Enough to read that bed-time story, and more.

For your child to become an Irish speaker, he or she should be exposed as frequently and as thoroughly as possible to the language. Having Raidió na Gaeltachta or Raidió na Life within earshot is an excellent idea.

Television is a powerful medium, and should be used judiciously. So try to encourage daily viewing of an Irish language cartoon for half an hour. Videos of Bouli, Muzzy and others are available, and through repeated viewing your child will come to learn favorite dialogues by heart.

Whatever your capacity to develop an environment where Irish is prominent, don't leave it till later. Start with 'Rua agus an Fiaclóir' over the page. Ádh mór!



Siobhán Fhada

Siobhán fhada
Éan an chladaigh
Gob mín
'S píobán réidh.

Siobhán Fhada
Éan an chladaigh
Suim i dtada
Ach san iasc strae.

Diarmuid Johnson



BHÍ RUA agus Máirín i seomra feithimh an fhiaclóra. "Níl mé ag iarraidh dul isteach," arsa Rua.

Rinne Máirín meangadh leis. "Féach an triúr ríthe agus an leanbh Íosa sa gcró," ar sí.

Bhreathnaigh Rua ar an gcró. "Tá an leanbh préachta," ar sé leis féin.

Tháinig bean isteach is cóta bán uirthi. "Rua, an bhfuil Rua anseo?" arsa sí.

D'éirigh Máirín de léim. "Tá muid ag teacht," ar sí.

Rinne an bhean meangadh, is bhreathnaigh Rua ar a cuid fiacra.

Istigh i seomra an fhiaclóra, bhí boladh géar ann, agus bhí cóta fada bán ar an bhfiaclóir, agus pictiúr de chrann Nollag ar an mballa, agus scathán, agus brúm brúm na gcarrannaí le cloisteáil taobh amuigh. . . .

"Fiacail bhréige do Rua, an ea?"

"Is ea," arsa Máirín agus Rua in éineacht.

"Is iomaí leon a tháinig chugamsa ag iarraidh fiacail nua," arsa an fiaclóir agus é ag triomú a chuid lámha. "Cuirfidh mise fiacail ionat chomh daingean le tairne," ar sé, is chuir sé air péire miotóga.

Rinne Máirín meangadh.

Cuireadh Rua ina shuí sa gcathaoir

mhór. Bhí a dhrioball faoi ar leataobh.

"Oscail do bhéal, maith an leon," arsa an fiaclóir, agus é ag socrú an tsolais os cionn Rua.

D'oscail Rua a bhéal chomh le mór le fuinneog agus chuir an fiaclóir a

chloigeann isteach ann. "Dhá orlach faoi orlach amháin," ar sé.

Bhreac an cúntóir nóta ina leabhar.

Ní raibh le feiceáil ag Rua ach an tsíleáil.

Bhí cloigeann an dochtúra fós ina bhéal. "Tá sé i bhfad ó líonadh an ceann seo," arsa an fiaclóir, is tharraing sé a chloigeann

amach.

Chuir an cúntóir píobán isteach i mbéal Rua agus líon a bhéal le huisce géar. "Caith amach é," a deir sí.

Bhí an fiaclóir ag níochán a chuid lámha. "An gcaithfidh muid teacht ar ais?" arsa Máirín.

"Cuirfidh mé an fhiacail nua chugaibh ar an bpost," arsa an fiaclóir. "Fiacail speisialta nua í, dhá orlach faoi orlach amháin."

Agus amach leo. Cheannaigh Máirín úll do Rua ar an mbealach abhaile. "Ní raibh sé sin ródhona," arsa sí.

"Ní raibh," arsa Rua, agus chuir sé barr a chrúibe sa mant nach mbeadh ina mhant i bhfad eile.

(Ar lean an mhí seo chugainn)



RUA AGUS AN FIACLÓIR



1



2



3



Trí Rua na Scéalaíochta

Céad fáilte isteach sa Chlúid, a pháistí.
Suigí cois tine agus téigí sibh féin. Seo
cluiche beag daoibh. Tá trí Rua anseo
inniu. Ach níl cluasa ná súile ar Rua eile.
Agus níl béal, moing, cluasa *ná* súile ar
an tríú Rua. Na créatúir!

Cuirigí béal agus cluasa orthu, a
pháistí. Cuirigí súile agus moing
orthu. Agus cuirigí dath breá rua
orthu!

Ar aghaidh libh anois . . .



SEÁN MAG UIDHIR

S BEAG ráiteas a chuireann na forais rialtais, na comhlachtaí móra tionsclaíochta nó na grúpaí comhlhobhail amach i láthair na huaire nach mbíonn tagairt éigin ann don mhílaois agus do na deiseanna nua iontacha a bheidh ann do gach duine againn. Ach i ndáiríre, an bhfuil buntús ar bith leis an sórt seo cainte nó an mbeidh toradh ar bith ag an *hype* seo uilig i measc na ndaoine?

Is léir ón mhéid cainte faoi 'Ré Orga na Milaoise' anseo i dtuaisceart Bhéal Feirste go gcreideann daoine go bhfuil fírinne eigin sa chaint seo, agus iad ag cur a mbeartas cagstula le chéile le bri nua a chur sa taobh seo cathrach.

Tá pleananna faoi lán seoil ag an chorpáraid Laganside san am i láthair le forbairt a dhéanamh ar an chuid de lár na cathrach atá ar an taobh ó thuaidh den abhainn.

Cathedral Quarter – nó Ceathrú na hArdeaglaise – an t-ainm atá tugtha ar an fhorbairt atá á moladh don cheantar, forbairt atá le toiseacht le linn bhlianta tosaigh na milaoise.

Tá rím ag an lucht forbartha, Laganside, 'Temple Bar an Tuaiscirt' a dhéanamh den áit atá taobh le hArdeaglais Naomh Anna. Is ón Ardeaglais seo a ainmníodh an plean.

I láthair na huaire tá meath ag teacht ar an chuid sin den chathair morán mar atá ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath. Tá súil ag Laganside gur féidir leo stop a chur leis an meath de réir mar a rinne siad taobh ó dheas den Lagan.

Ba chóir go n-éireadh leis an fhiontar seo dá dheoin féin, ach sna foilseacháin ildaite a chuir siad amach leis na pleananna don Cheathrú dúirt siad "go dtabharfadh siad an cheathrú isteach sa mhílaois nua".

Caithfidh go gcreideann Laganside gur buntáiste í an mhílaois ó thaobh margaióchta ar aon nós.

Féile 2000

ACH NÍ hé Laganside amháin atá ag iarraidh úsáid a bhaint as spleodar na milaoise chun tuilleadh infheistíochta a mhealladh isteach chuig an cheantar seo. Tá roinnt grúpaí pobail ag teacht le chéile faoi láthair agus cruinnithe á n-eagrú acu le Féile Thuaisceart Bhéal Feirste a chur ar bun.

Tá fleánna agus féilte áitiúla ag dul ar aghaidh anseo ó bhli túis na 1990i ann. D'éirigh thar

barr leis na himeacht-
aí go dtí seo. Bíonn
breis is 60,000
daoine ag freastal

ar cheolchoirmeacha Fhleadh Ard Eoin ar feadh trí oíche agus tá Féile an Lóiste Nua ag dul i neart ó bhliain go bliain.

De thoradh na rachairte atá ar na féilte seo, tá féilte beaga ag fás ar fud thuaisceart Bhéal Feirste. Chláirigh roinnt de na féilte seo don chéad uair rianú le hAOIFE, scáilghrúpa d'fhéilte pobail ar fud na tíre, agus tá ball de Fhleadh Ard Eoin anois ar choiste réigiúnda Uladh den eagrais.

Sileann na daoine seo gur cheart dóibh cur le chéile anois le féile mhór amháin a bhumú i dtuaisceart na cathrach. Agus goidé an bhliain a bhfuil an fhéile seo a thoiseacht ach sa bhliain 2000.

Tá siad ag rá leis na grúpaí eile uilig go mbeadh buntáistí móra ann díofa maidir le hairgead a fháil d'fhéile mhór amháin agus go bhfuil feidireachtaí móra ann d'eacamaíocht na háite. Cheana féin is í tréimhse na bhféilte mí Lúnasa an t-am is mó a mbíonn airgead le tuilleamh ag

trádálaithe agus lucht gnó na háite, diomáite den Nollaig.

Mhínigh Pilib Mac an tSagairt as Fleadh Ard Eoin dom go bhfuil sé i bhfad níos éasca ag féile mhór amháin ná ag go leor féilte beaga cnap mór aigid a mhealladh chuig an cheantar, agus tacaíocht a fháil chun an fhéile a fhorbairt ó thaobh margaióchta agus poiblíochta de.

"Tá muid ag brath fosta ar an ardú meannan agus dóchais a thagann ar dhaoine ar tháirseach na milaoise nua, le daoine a thabhairt linn. Tá muid ag súil mar sin leis an fhéile a láiseáil sa bhliain 2000."

Is amhlaidh fosta do dhaoine a bhfuil baint acu le forbairt tionsclaíochta agus athghiniúna i measc na ndaoine.

Foilsíodh pleananna nua d'athghiniúint Bhóthar Aontroma ar na mallaibh. Tháinig meath ar an cheantar seo de thoradh na Trioblóide agus de thoradh athruithe eacnamaíola a d'athraigh patrúin thrádala agus siopadóireachta an cheantair. Dúirt Nóra Quigley ón Lower Antrim Road Regeneration Initiative liom gur iarr siad ar mhic léinn pleananna a dhréachtú le hiomhá nua a chruthú don áit don mhílaois. Agus ar ndoigh tá na pleananna seo ann chun "an ceantar a thiomáint isteach sa mhílaois nua".

Feictear dom nach bhfuil éalú ar bith ón mhílaois, idir na comhlachtaí ríomhaireachta atá ag tuar deireadh an tsaoil le *bug* na milaoise agus na grúpaí pobail is lú atá ag maíomh go bhfuil scéim s'acusan ag dul an saol an athrú. Cé nach bhfuil mé féin meallta ag an bhol-scaireacht seo uilig faoin dóigh ar féidir le hiarracht mhór dóchais agus inspioráide dul i bhfeidhm ar dhaoine, tá mé cinnte de rud amháin faoin mhílaois. Ba mhaith liom bheith beo len í a fheiceáil.

Eagarthóir an North Belfast
News & an t-údar

Litreacha chuig an Eagarthóir

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge, i mBéarla, nó i dteangacha eile
Seol do litir chuig: **An tEagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe.**
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie



As an ghéibheann

**Dáithí Adams,
An Cheis Fhada,
Lios na gCearrbhach,
Co Aontroma.**

Dia duit, a chara,
Seo Dáithí A. anseo, agus
táim ag scríobh chugat ón
gCeis Fhada. Scríobh mé litir
chugat cúig nó sé seachtainí ó
shin agus tá mé ag ceapadh
nach bhfuair tú an litir!

Ba mhaith liom
comhghairdeachas a
dhéanamh libh faoin iris nua
a chur le chéile. Tá jab maith
déanta agaibh. Cé nár léigh
mé an chéad eagrán fós,
cluinnim gur iris mhaith í.

Tá súil agam go
bhfaighfidh tú an litir seo
mar ba mhaith liom an iris a
ordú. Tá mé idir dhá
chomhairle ag baint feidhme
as an seoladh seo ar eagla
nach bhfaighim an iris.

Anois is arís cuireann na
maoir isteach orainn ó thaobh
na cinsireachta de. Má tá cóip
den chéad eagrán fágtha agat,
ba mhaith liom go gcuirfeá
chugam é. Rinne mé iarracht
ceann a ordú ón gCultúrlann,
ach ní raibh ceann ar fáil.

Bhain mé sult as na rudaí a
scríobh Uinsionn achán
seachtain san *Irish Times*;
chuidigh sé go mór liom agus
mé ag foghlaim na Gaeilge.
Mar sin tá mé cinnte go
mbeidh fás ollmhór ann
amach anseo agus rachairt ar
an iris. Bualadh bos trí
huaire, tá sé tuillte agaibh.

Dá mba mhaith libh scríobh
chugam anseo, bheinn buíoch
díobh. Go dtí an chéad am
eile, slán go fóill.


Níl saoi gan locht

**Pól Carr,
Mortas Cine,
Cumann Sóisialta na nGael-
Mheiriceánach,
Sacramento, California.**

A Chuisle,

Dia daoibh. Is mise Pól Carr.

Is maith liom bhur
leathanaigh lín. Tá ceist agam
daoibh faoin abairt ar bhur
bpríomhleathanach. Feicim an
abairt seo leanas ansin:
"Cuisle - Inis don aois nua."



"Inis"? An bhfuil botún
ansin? B'fhéidir atá sibh a rá
"Iris"?

Is mise le meas.

Aguisín: Níl ach tosaitheoir
mé. Gabhaim pardún agaibh
as aon botún anseo.

*(A Phóil, a chara - Go raibh
maith agat as an mbotún a chur
ar ár súile. Dár léitheoirí eile: Is
féidir teacht ar Chuisle ar an
Idirlíon ag
<http://homepage.tinet.ie/~Cuisle1>.
Eag. Cuisle)*

Club gan ainm

**Pádraig Devaney,
An Creagán,
Co na Gaillimhe.**

Dear sir,
I am a transition year student
in Holy Rosary College,

Mountbellew. I am involved in
the Mountbellew No-Name
Club. It is a club which
involves no alcohol
whatsoever. It organises
discos, table-quizes, outings
etc. The age limit of the club

is from 3rd year to Leaving
Cert.

I have a lot of information
about the club and about
Carraroe No-Name Club
which was set up in October. I
am 16 years old. My hobbies
are cycling, playing soccer
and Gaelic football, being
involved in the No-Name
Club, playing traditional
music and listening to pop-
music.

I absolutely love your new
magazine and it is fantastic. I
would greatly appreciate it if
you would kindly allow me
some space in your magazine
to talk about the No-Name
Club. I am sorry my Irish is
so bad.
Yours.

*(A Phádraig, a chara - go raibh
maith agat as do litir. Má
chuireann tú roinnt eolais nó alt
beag i nGaeilge chugainn faoin
gClub Gan Ainm féachfaidh*

*muid lena a fhoilsiú. Eag.
Cuisle.)*

Cuisle na cruinne

**Jane Cawsey,
Sidney.**

Dia Duit! Is mise Jane agus tá
mé i mo chónaí i Sydney. Tá
mé ag foghlaim Gaeilge go
mall!

What I am interested in, on
coming across your website by
browsing, is to be able to send
the magazine, *Cuisle*, to an
Irish-speaking friend of mine
here in Australia for a
Christmas present.

How much would that cost
me and when would I have to
send you a postal cheque so
he would get the first edition
for Christmas or even the
January issue for New Year?

Go raibh maith agat.

P.S. We have our own Scoil
Samhraidh na hAstráile:
Eanáir 9-13 1999. See website
link.

*(Jane, a chara - go raibh maith
agat as do ríomhphost. For our
overseas readers: we will be
happy to send you Cuisle by
surface or air mail, all you need
to do is to fill in the subscription
form on page 2 and return it to
us. If you would like to send the
magazine as a gift to a friend,
simply fill in the form and
return it together with your
cheque or postal order for US
\$80 or its equivalent in your
money. Ed. Cuisle.)*

* * *

**Ciarán Ó Bréartúin,
Via della Croce,
Frinco,
Italia.**

Níl a fhios agam ar éirigh leis
an iarracht a rinne mé anocht
sintíús a bhaint amach libh (ar
an Idirlíon), ós rud é go raibh
an córas an-mhall ar fad...
ach ar eagla na heagla, seo
iarracht eile.

Ar na daoine nach bhfuil ar an mBord a thuilleadh tá an scríbhneoir **Alan Titley** (ar chlé).



Bord uile-Éireann le bunú

ATHRÚ AN-MHÓR i gcúrsaí teanga is ea an cinneadh go mbunófar foras trasteorann do theangacha na Gaeilge agus na hUltaise.

Tháinig sé sna salaí ar na ceapacháin aduaine ar Bhord na Gaeilge a rinne an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Síle de Valera. Níl oiread is duine amháin ón Tuaisceart i measc na gcomhaltaí nua, ainneoin an phlé a bhí ar siúl maidir le foras nua uile-Éireann.

Is ionann formhór na n-aidhmeanna atá ag an mBord agus na haidhmeanna a bheas ag an bhforas: cur chun cinn na teanga; comhairle a chur ar eagraisí poiblí; deontais a thabhairt amach d'eagraisí deonacha srl.

Beidh sé mar chúram air taighde a dhéanamh i gcúrsaí teanga, foclóirí a chur le chéile, agus tacaíocht a thabhairt don scolaíocht lán-Ghaeilge. An nascfar na curaimí seo leis an obair atá ar siúl cheana féin ag leithéidí Institiúid Teangeolaíochta Éireann, nó an tAcadamh Ríoga?

Ceist eile ar fad cén t-ainm a bheas ar an bhforas nua. Thaitneodh 'acadamh ríoga' leis na haontachtóirí, ach ní móide go nglacadh Sinn Féin leis.

Canúint de chuid Bhéarla na hAlban atá san Ultais, í imithe i laige le fada, agus is sop polaitiúil í a bheith faoi

bhrat an fhorais nua.

Léiríonn ráiteas Trimble-Mallon faoi na socrúithe nua nach bhfuiltear ag súil go mbeidh an aird chéanna ar an Ultais is a bheas ar an nGaeilge.

Deirtear go mbeidh sé mar chúram ar an bhforas "promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island".

Idir an dá linn, is iad na ceapacháin nua ar Bhord na Gaeilge ná

Brid Uí Néill, a bhfuil dhá thréimhse caite aici ar bhord bainistíochta na pobalscoile i gCoillte Mach, Co Mhaigh Eo; **Máire Ní Chiarba**, atá ina príomhoide cúnta i gColáiste an Phiarsaigh, Gleann

Maghair, Co Chorcaí; **Seán Mac Aogáin**, príomhoide scoile atá ina chathaoirleach ar Choiste Chontae Átha Cliath de chuid Chumann Lúthchleas Gael; **Treasa Ní Ailpín**, údar leabhar do pháistí atá ina ball den Chomhchoiste Réamhscolaíochta i mBaile Átha Cliath; agus **Diarmuid Ó Murchú**, atá ina rúnaí ar an gCoiste Cultúrtha den Chumann Lúthchleas Gael, Comhairle na Mumhan. Tá cónaí air sa Daingean, Co Chiarraí.

Tá Ardrúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, **Tadhg Ó hÉalaithe**, athcheaptha ar an mBord. Is

ceapacháin iad don tréimhse dar críoch 31 Deireadh Fómhair 2002.

Beartais shóisialta faoi bhagairt?

Ó THARLA aontas airgeadais a bheith curtha i gcrích san Aontas Eorpach, céard a tharlós amach anseo do chomh-bheartais shóisialta na mballstát?

Phléigh an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Sóisialta, **Pádraig Ó Floinn**, an cheist seo agus tuilleadh, agus léacht Bhord Gaeilge UCC á tabhairt aige san ollscoil le déanaí.

Chuir an coimisinéir

níos mó ceisteanna ná mar a d'fhreagair sé, agus ba léir inní áirithe air faoina bhfuil i ndán dúinn. De réir mar a laghdófar ar an saoirse airgeadais a bhíodh ag rialtais náisiúnta, an ligfear cead dóibh leanacht ar aghaidh ag soláthar "tacaíocht fhlaithiúil" (mar a thug sé air) do na bochtáin? "Agus brú méadaithe ann le srian a chur le costais, an rachaidh sé seo i bhfeidhm orthu? Nó an féidir le polasaithe shóisialta páirt nua a ghlacadh i gcumas iomaíochta a thógáil a bheadh bunaithe ar lucht oibre atá táirgiúil agus solúbtha?" a d'fhiafraigh sé.

Chuir eagarthóir *Cuisle* a dhíchódóir teanga i bhfeidhm ar an mbéarlagar seo. Theip ar an ngléas aon bhrí chinnte a bhaint as, ach mheabhraigh sé dó go n-úsáideann an Banc Domhanda mórán an béarlagar céanna agus é ag iarraidh a chur ina luí ar thíortha neamhfhorbartha a bheith "tairgiúil agus solúbtha" lena gcuid sclábhaith tionsclaíochta.

Teach gan Leann

IN EAGRÁN na Nollag, luadh *Mil ar Luachair*, caifé nua Gaeilge i mBéal Feirste. Dúradh go bhfuil dhá áit i mBéal Feirste ar féidir leat do chuid tae a ordú i nGaeilge.

Cuireann **Liz Curtis**, Béal Feirste, ar ár súile dúinn go bhfuil an tríú bialann Ghaeilge ann. Bunaíodh an *Teach gan Leann* i mBaile Uí Mhurchú in aice le bunscoil an tSléibhe Dhuibh i mbliana. Is fiontar pobail atá ann. "Bia te le linn an lae" an mana atá aige. Bíonn a lán gníomhaíochtaí ann san oíche freisin, club óige agus oícheanta ceoil san áireamh.

"Beidh fáilte mhór romhat bualadh isteach agus sult a bhaint as cupán tae nó béile," arsa Tomás Ó Muireagáin, duine de na bunaitheoirí. "Agus beidh comhrá Gaeilge le fáil freisin, ar ndóigh!"

Idir an dá linn, níl aon scéal faighte againn fós faoi cén uair a osclofar caifé nua na Comhdhála i mBaile Átha Cliath. An mbeidh sé réidh don Mhílaois? Béal Feirste 3, Baile Átha Cliath 0.



pic: Liz Curtis

Cleamhnas – leigheas na mbod caoch?

AR CUID de phlean tuismitheoireachta atá sa gclár *Cleamhnas* ar TnaG? Plean le cur le líon na gcainteoirí dúchais? Ní chuirfeadh sin iontas orainn: nuair a bhí **Rónán Mac Aodha Bhuí** ina ardrí ar an gCiorcal Craiceáilte i mBaile Átha Cliath, bhíodh sé de shíor ag iarraidh an grá agus soiscéal Jah a roinnt lena chomrádaithe – go mórmór le cailíní gealgháireacha an chiorcail.

Ní bhíonn toradh ar chleamhnas ach tar éis trí ráithe, ach ní cosúil go bhfuil galar an ghrá ar na lanúnacha a fachtas ar an gclár go dtí seo.

Teist é seo b'fhéidir ar mhodhanna oibre *Chleamhnas*: an ar na daoine is dathúla atá siad ag díriú? Ní hí an áilleacht a scuabas an tigh.

Is cinnte gur muiríní beaga a bhíonn ag Gaeil ár linne, áit ar muiríní móra a bhíodh ann aimsir na bhfataí is na blathaí. Ach is ábhar buairimh go bhfuil ag méadú ar sciar na nGaeilgeoirí gairmiúla nach bhfuil clann ar bith orthu.

Múinteoirí, léachtóirí, státseirbhísigh, feidhmeannaigh teangan, iriseoirí, aisteoirí agus aistritheoirí a bhaineann slí bheatha as teanga ár sinsear: an é nach mbeidh slíocht orthu?

Dá ísle an aicme, is ea is líonmhaire an chlann: sin seanscéal ag lucht socheolaíochta, go mórmór sna tíortha Caitliceacha. Fágann meath an chreidimh agus teacht i réim an mheánaicme Ghaelaigh mar sin go bhfuil fine Gael ag dul san ísle bhrí.

Rónán Mac Aodha Bhuí ar Shuíochán an Ghrá

Cén leigheas atá ag *Cuisle* ar an scéal? Má tá gruaim ortsa is tú gan ghrá, más páirtí atá uait, céile cumainn,

leannán nó anamchara, cuir fógra beag chuig *Cuisle*. Má tá grianghraf in éineacht le do litir, is é is fearr é.



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE – MAIGH EO

B.A. (GNÓ AGUS CUMARSÁID)

RÉIMSE LEATHAN ÁBHAR GNÓ trí Ghaeilge
TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS trí Ghaeilge
CUMARSÁID GHNÓ Gaeilge agus Béarla

Maraon le:

**TRÉIMHSE THAITHÍ OIBRE
TEANGA EORPACH (ROGHNACH)**

**GA044 an cód atá le breacadh ar Liosta Chúrsaí
Céime an C.A.O.**

**Is ar an liosta a eisfodh sa bhreis ar lámhleabhar
1999 an C.A.O. atá an cúrsa thuas**

Tuilleadh Eolais ó:

Tony Ó Dorchaidhe nó Cian Marnell, Scoil an Ghnó agus an tSruithléinn, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh.

Teil: (091) 753161 Faics: (091) 758410

Ríomhphost: Tony.Darcy@omit.ie nó Cian.Marnell@omit.ie

Fógraí beaga Cuisle

Ar mhaith leat do rún a nochtadh don saol mór? Véarsa Vailintín a fhoilsiú do do ghrá geal? An bhfuil leabhar Gaeilge ar leith á lorg agat? Leagan d'amhrán ar an sean nós? An bhfuil tú ag cuartú anamchara sa Ghaeltacht? Nó cailín deas Gaelach cois na Laoi?

An mhí seo, tá tús á chur le seirbhís fógraí beaga do léitheoirí *Cuisle*. Seirbhís do léitheoirí aonair atá i gceist, ní do choimhlachtaí trachtála. Ní ga ach léacs d'fhógra (30 focal ar a meid) a chur chugainn, agus fáille £20.

Tairiscint speisialta: foilseolar an chéad 10 bhlógra a lhaigheann muid SAOR IN AISCE gach mí.

Spríodáta don chéad eagrán eile: 15 Eanáir. Seol chugainn d'fhógra chuig: *Cuisle*, Casla, Co na Gaillimhe; nó cuir chugainn ar an bhfacs é chuig 091 572076; nó cuir chugainn ar ríomhphost é chuig cuisle@tivet.ie

**RÁTAÍ TRACHTÁLA: GLAIGH AR
091 572077.**

LÓISTÍN ar chostas an-íseal i Lourdes i rith 1999. Liosta saor in aisce. Eolas: 01-6712367.

SEALLAE ar fáil ar cíós trí mhíle siar ón Spidéal. Eolas: 091-593172

AMHRÁNAÍ ag cuartú ceoltóirí le grúpa ceoil comhaimseartha a chur ar bun i gCois Fharraige, Co na Gaillimhe. Tá roinnt amhrán nuachumtha i nGaeilge agus i mBéarla aige. Eolas: 091 593832.

CEACHTANNA fíde agus ranganna Fraincise ar fáil i gCois Fharraige, Co na Gaillimhe. Eolas: 091 593378.

RANGANNA ealaíne ar fáil do dhaoine fásta nó do pháistí, ina n-aonair nó i ngrúpaí. Tá an t-ealaíontóir lonnaithe ar Inis Mór ach is féidir léi ranganna a thabhairt aon áit i gConamara. Cailithe mar mhúinteoir ealaíne. Eolas: Fionnuala 099 61001.

B&B in aice na farraige 15 nóiméad ó chathair na Gaillimhe i nGaelacht Chonamara. Cláraithe le Bord Fáilte. Clann lán-Ghaelach. Eolas: 091 592546. Ríomhphost: fdempsey@iol.ie.

PostBaile

Gaeltacht Careers

Seirbhís Earcaíochta Údarás na Gaeltachta le
haghaidh Postanna Ardoilte do mhuintir na
Gaeltachta/Gaeilgeoirí a bhfuil roinnt blianta taithí
acu agus atá ag iarraidh obair a fháil sa Ghaeltacht.

Postanna!

Tá liosta na bhFolúntas
le feiceáil ar shuíomh
idirlión an Údaráis ag:

<http://www.udaras.ie>

Más fostaí thú ag lorg oibre sa Ghaeltacht nó más
fostóir thú agus go bhfuil post á thairiscint agat, déan
teagmháil le:

Post Baile,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Gaillimh.

Teil: 091/503100

Faics: 091/503101

Ríomhphost: postbaile@udaras.ie

GNÉ-ALT FÓGRAÍOCHTA

Postanna Údarás na Gaeltachta á bhfógairt ar fud an domhain

TÁ ÚDARÁS na Gaeltachta ag baint leas as an Idirlión (Internet)
lena gcuid folúntaisí a fhógairt ar fud an domhain le roinnt
seachtainí anuas. Ar an mbealach seo tá muintir na
Gaeltachta/Gaeilgeoirí in ann breathnú go rialta ar shuíomh
Idirlíon an Údaráis ag www.udaras.ie agus na postanna atá ag
imeacht i gcomhlachtaí agus in eagrais eile Gaeltachta a fheiceáil
ar an bpointe boise.

Tá na postanna seo á n-athnuachan go rialta, rud a chuireas ar
chumas an imirceora ach go háirithe ceangal níos fearr a bheith
aige/aici leis an mbaile agus leis na deiseanna fostaíochta atá ag
imeacht ina gceantar fhéin.

Thosaigh feachtas Post Baile i mí na Bealtaine nuair a scaipeadh
25,000 paimfléad ar fud na-Gaeltachta le daoine ardoilte a chur ar
bhunachar sonraí (database) Údarás na Gaeltachta. Go dtí seo tá
200 curaclam le daoine ardoilte curtha suas ar bhunachar sonraí
an Údaráis agus a gcuid cáilíochtaí le feiceáil ag comhlachtaí agus
eagrais eile nuair a bhíonn folúntas le líonadh acu.

Tá cáilíochtaí Tráchtála, Ríomhaireachta, Eolaíochta agus
Innealtóireachta go fairsing ar na curaclaim seo chomh maith le
scileanna físeán, rúnaíochta agus daoine a bhfuil céim bainte
amach acu i nDámh na nDán. Ní amháin go gcuirfidh an t-eolas
seo ar chumas an Údaráis folúntaisí ina gcomhlachtaí a líonadh ón
mbunachar sonraí seo ach cabhróidh sé leo freisin a gcuid tograí a
phleanáil níos fearr ins na blianta atá le theacht.

GNÉ-ALT FÓGRAÍOCHTA

Scéim fhoghraíochta Mhuintearais seolta

SEO í an chéad scéim fhogh-
raíochta Gaeilge dar cuir-
eadh le chéile riamh, í
déanta ag meitheal mún-
teoirí agus comhairleoirí
Gaeltachta a bhfuil seantaithí
acu ar oideachas páistí óga.

Tá sí bunaithe ar thaighde
dhá bhliain déag. Nuair a
sheol an tAire Oideachais i
mBaile Átha Cliath í, dúirt sé
gur chóir go mbeadh sí ar fáil
i ngach scoil sa tír.

Sé chéim a bheas sa scéim
ina hiomláine.

Is iad na consain atá i
gceist i gCéim a hAon. Tá
dhá leabhar oibre ann, 13
cairt balla, agus 13
spriocphictiúr.

Is iad na gutaí fada is ábhar

do Chéim a Dó. Tá leabhar
oibre ann, deich gcairt balla,
agus cúig spriocphictiúr.

Chomh maith leis sin,
tugtar na consain agus na
gutaí le chéile i gCéim a Dó,
leabhar oibre faoi leith i
gcomhair na hoibre sin, agus
breis cairteanna balla.

Tá dearadh taitneamhach
ar an scéim, agus pictiúirí
daite ann. Ar na gnáthrátaí i
gcomhair leabhra scoile atá
na praghasanna bunaithe.

Is bealach spráilúil, éifeach-
tach atá sa scéim le páistí óga
a chur ag foghlaim Gaeilge.

Scéim fhoghraíochta
Mhuintearais: is é leas na
scoile í.

Eolas: 091 551145.

102 FM

Raidió na Life

Éist Isteach le
Gnó 102
Déardaoin ag a 7 i.n. agus Dé Sathairn ag a 1 i.n.

Timpeall Oralnn
Déardaoin ag a 7.30 i.n. agus Dé Sathairn ag a 5.30 i.n.

Tuairisc
Luan – Déardaoin ag a 6 i.n.


Saolra, Saolra
Dé Luain 6.30 i.n. agus Dé Domhnaigh ag a 6 i.n.

Spórt 102
Dé Domhnaigh ag a 6.30 i.n.

Scéalta na Gaeltachta
Dé Máirt ag a 7.30 i.n.

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

Teastas Náisiúnta i gCórais Eolais Oifige



Aidhm:

Freastal ar scoláirí ón Ghaeltacht agus orthu sin ón Ghalltacht a bhfuil líofacht acu i scríobh agus i labhairt na Gaeilge, agus ar riachtanais na gcomhlachtaí agus na n-eagras sin a dhéanann gnó trí Ghaeilge.

Déantar staidéar ar ábhair agus ar scileanna rúnaíochta, riaracháin, gnó agus teicneolaíochta nua.

Deiseanna Fostaíochta:

- le heagrais mar Údarás na Gaeltachta, Bord na Gaeilge, srl.
- le comhlachtaí arb í an Ghaeilge nó an Béarla a dteanga oibre.
- mar Chúntóirí Gaeilge i meánscoileanna na Sé gCondae.

Tuilleadh Staidéir:

Is féidir le céimithe an chúrsa dul ar aghaidh le Dioplóma i dTeicneolaíocht Eolais Ghnó agus ina dhiaidh sin le Céim i Staidéir Ghnó a dhéanamh.

*Gach eolas ó: Séamus Ó Cnáimhsí, Ceannaire na Scoile Staidéar Gnó,
An Institiúid Teicneolaíochta, Leitir Ceanainn. Fón: 074-64170*

Daonáirimh '96

Naoú Imleabhar

CUMAS GAEILGE AGUS MINICÍOCHT A LABHARTHA

Seo é an naoú imleabhar agus an t-irisleabhar deiridh de thuairisc bheacht an daonáireamh, agus tá eolas ann faoi cheist nua maidir le cumas gaeilge agus minicíocht a labhartha. Déantar rangabháil ann ar líon agus ar chéadchodán na nGaeilgeoirí atá trí bhliana d'aois nó níos mó i limistéir éagsúla ar fud na tíre de réir na rudaí seo a leanas: gnéas, aoisghrúpa, slí bheatha, oideachas srl. Tá eolas ar leith ann faoin Gaeltacht.

Praghas: £10.00 diosca san áireamh. (Móide postas)

CSO
Rannóg Eolais
Bóthar Skehard
Corcaigh
Fón: LoCall 1890 313 414
Fón: 021 359000
Fón: 01 4977144 Folíne 5035
Facs: 021 359090
Ríomhphost: information@cso.ie
Idirlíon: <http://www.cso.ie>

Oifig Fhoilseacháin an Rialtas
Teach Sun Alliance
Sráid Molesworth
Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 661 3111

Facs: 01 4752760

nó trí aon siopa leabhar

SAPS

Tá mionscagadh ar an daonra sna SAPS de réir na rudaí seo a leanas: cois, gnéas, stadas pósta, cumas gaeilge agus minicíocht a labhartha, slí bheatha, srl. Is féidir staitisticí ó dhaonáireamh 1996 faoin daonra sna cineál ceantair (SAPS) seo a leanas a fháil in aisce: ceantair tuaithe agus cathrach; bailte agus toghranna ceantair. Le ceannach nó le hordú ó: Rannóg Fiosrúcháin Daonáirimh, Bóthar Ardee, Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath 6

Fón: LoCall 1890 313 414; 01 4977144 Folíne 4284-4288

an uair nach aoibhinn do na heiníní

Bíonn tóir ar an turcaí aimsir na Nollag ach in Éirinn
bíonn tóir chomh maith ar éan i bhfad níos ríoga ná
sin. **Ar an dreoilín.** Is dream ar leith muintir na
hÉireann a bhfuil dearcadh ar leith againn.

**Is stáisiún teilifíse ar leith TnaG a
bhfuil an dearcadh ar leith sin aige
- an dearcadh Éireannach.**

An chéad uair eile a fheiceann tú cleamairí ag
rith thart ag caint ar Rí na nÉan, cuimhnigh
gur dream ar leith muid in
Éirinn a bhfuil ar
ndearcadh féin againn.



TnaG. Briseann an dúchas...

Website-[http:// www.tnag.ie](http://www.tnag.ie)